An Roinn Oideachais
Department of Education

# Sonraíocht churaclaim le haghaidh Ghnó na hArdteistiméireachta

Le tabhairt isteach i scoileanna ó Mheán Fómhair 2025.

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

# Clár Ábhar


An tSraith Shinsearach 2

Réasúnaíocht 4

Aidhmeanna 5

Leanúnachas agus dul chun cinn 5

Foghlaim an scoláire sa tSraith Shinsearach 6

Príomhinniúlachtaí 7

Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama 10

Snáithe Aontach: Gnó a Iniúchadh 13

Snáithe 1: Iniúchadh a dhéanamh ar an Timpeallacht Ghnó 15

Snáithe 2: Fiontraíocht a thuiscint 19

Snáithe 3: A bheith i gceannas i ngnó 24

Snáithe 4: A Bheith Eolach agus Cinntí Eolasacha a Dhéanamh 28

Teagasc ar fhoghlaim an scoláire 31

Measúnú 32

Socruithe réasúnta 38

Aguisín 1: Gluais de bhriathra gnímh 40

Aguisín 2: Gluais Téarmaí 42

# An tSraith Shinsearach

Tá sé mar aidhm ag an tsraith shinsearach leanúint le hoideachas iomlánaíoch a chur ar an duine agus cur le rath an duine. Cuireann eispéiris an scoláire le linn na sraithe sinsearaí lena fhorbairt intleachtach, shóisialta agus phearsanta mar aon lena shláinte agus a fholláine ar bhonn ginearálta. Baineann 8 dtreoirphrionsabal leis an tsraith shinsearach.

| Treoirphrionsabail na Sraithe Sinsearaí |
| --- |
| Folláine agus caidreamh |
| Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht |
| Dúshlán, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht |
| Foghlaim le foghlaim, foghlaim don saol |
| Rogha agus solúbthacht |
| Leanúnachas agus aistrithe |
| Rannpháirtíocht agus saoránacht |
| Timpeallachtaí foghlama agus comhpháirtíochtaí |

Is slat tomhais iad na prionsabail seo do scoileanna agus do shuíomhanna oideachais eile agus a sraith shinsearach á dearadh acu. Cuimsítear leis an tsraith shinsearach, Idirbhliain roghnach agus cúrsa dhá bhliain ina diaidh, a bhfuil ábhair agus modúil mar chuid de. Tarlaíonn an fhoghlaim i scoileanna, pobail, suíomhanna oideachasúla agus suíomhanna eile, lena n-aithnítear neamhspleáchas méadaitheach an scoláire, ag tógáil ar an tsraith shóisearach. Bunaítear caidrimh le múinteoirí ar bhonn níos aibí agus glacann an scoláire níos mó freagrachta air féin as a chuid foghlama féin.

Sa tsraith shinsearach, cuirtear curaclam ar fáil ina mbíonn dúshlán don scoláire an leibhéal is airde de ghnóthachtáil oideachasúil a bheith mar sprioc aige, i gcomhréir lena chuid inniúlachtaí agus cumas féin. I gcaitheamh na sraithe sinsearaí, bíonn deiseanna ag an scoláire dul i ngleic le dúshláin shóisialta, chomhshaoil, eacnamaíocha agus teicneolaíochta, agus chun feabhas a chur ar a thuiscint ar chearta an duine, ar cheartas sóisialta, ar chothroime, ar éagsúlacht agus ar inbhuanaitheacht. Tugtar tacaíocht don scoláire chun roghanna bunaithe ar eolas a dhéanamh agus conairí éagsúla tríd an tsraith shinsearach á roghnú aige agus bíonn deiseanna ag gach scoláire lúcháir agus sásamh a bhaint as clocha míle móra a bhaint amach ina chuid oideachais. Ba cheart go gcuirfeadh an sraith shinsearach bonn láidir faoin aistriú go dtí an breisoideachas, an t-oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus rannpháirtíocht bhríoch sa tsochaí, sa gheilleagar agus sa saol aosach.

Ba cheart go bhfreastalódh an t-eispéireas oideachasúil sa tsraith shinsearach ar gach aon scoláire, go bhfreagródh sé dá chuid láidreachtaí agus riachtanas foghlama, agus go mbeadh meas agus urraim ann don éagsúlacht agus go ndéanfaí sin a cheiliúradh. Bíonn éagsúlachtaí ann i measc scoláirí ó thaobh cúlra teaghlaigh agus cultúir de agus i dtaca le teangacha, aois, stádas eitneach, creideamh, inscne, agus féiniúlacht ghnéis agus maidir lena gcuid láidreachtaí, riachtanas, spéiseanna, inniúlachtaí agus réamheolais, scileanna, luachanna agus meonta. Ba cheart go ndéanfaí féiniúlacht gach aon scoláire a cheiliúradh, go léireofaí meas uirthi agus go bhfreagrófaí di le linn don scoláire a bheith ag dul tríd an tsraith shinsearach.

Ar leibhéal praiticiúil, tacaítear leis an tsraith shinsearach le forbairt ghairmiúil bhreisithe; le rannpháirtíocht múinteoirí, leis an scoláire, tuismitheoirí, ceannairí scoile agus páirtithe leasmhara eile; acmhainní; taighde; cumarsáid shoiléir; comhsheasmhacht polasaí; agus le fís chomhroinnte i dtaca lena mbítear ag iarraidh a bhaint amach dár gcuid daoine óga tríd an tsraith shinsearach, agus iad ag réiteach chun tús a chur leis an saol aosach. Cuirtear beocht inti i scoileanna agus i suíomhanna eile oideachasúla trí:

- pleanáil, forbairt, eagrú, machnamh agus measúnú éifeachtach curaclaim
- cuir chuige teagaisc agus foghlama a spreagann an scoláire agus a ligeann dó feabhsú
- cultúr scoile ina léirítear meas ar an scoláire agus ina gcuirtear grá don fhoghlaim chun cinn.

# Réasúnaíocht

Forbraítear feasacht an scoláire i nGnó na hArdteistiméireachta ar an tábhacht le gnó do gheilleagar na hÉireann agus don gheilleagar idirnáisiúnta agus cuidíonn an fheasacht seo chun tuiscint a fhorbairt ar an gcaoi a n-oibríonn saol an ghnó. Foghlaimíonn an scoláire faoin gcaoi a bhfuil gnó bainteach lena shaol féin, foghlaimíonn sé chun litearthacht airgeadais agus ghnó a fhorbairt sa saol ina thimpeall agus faoin gcaoi a mbíonn gnó á mhúnlú ag na daoine a oibríonn, a bhíonn i gceannas, agus a bhainistíonn laistigh de thimpeallacht an ghnó.

Tá saol an ghnó ilghnéitheach, dinimiciúil, agus tá sé ag forbairt, agus le linn don scoláire a bheith ag déanamh staidéar ar Ghnó na hArdteistiméireachta, foghlaimíonn sé cén chaoi a gcaithfidh custaiméirí, tionscnaíocht agus rialtais dul in oiriúint do réimse deiseanna agus dúshlán amhail digitiú, inbhuanaitheacht, domhandú, agus ceisteanna eiticiúla agus eacnamaíochta. Agus páirt á glacadh ag an scoláire i nGnó na hArdteistiméireachta, faigheann sé amach cén tionchar atá ag na saincheisteanna seo ar an timpeallacht ghnó agus is féidir leis measúnú a dhéanamh orthu. Agus iniúchadh á dhéanamh ag an scoláire ar shaol an ghnó óna dhearcadh féin mar thomhaltóirí agus ó dhearcadh na ngnólachtaí iad féin, gheobhaidh an scoláire tuiscint níos fearr ar an gcaoi a n-imríonn gnólacht tionchar ar chomhthéacsanna náisiúnta agus idirnáisiúnta ina n-oibríonn sé agus ar an gcaoi a gcuireann sé leis an tsochaí agus leis an ngeilleagar.

Agus an scoláire ag déanamh staidéar ar Ghnó na hArdteistiméireachta, cothaítear smaointeoireacht fhiontraíoch, agus bíonn sé de dheis ag an scoláire réimse leathan inniúlachtaí a fhorbairt a chuirfidh feabhas ar chumas an scoláire chun cumarsáid a dhéanamh, chun tabhairt faoi thaighde agus faoi fhadhbanna a réiteach, agus chun oibriú mar chuid d'fhoireann, rudaí atá bunúsach sa saol seo atá ag éirí níos casta, saol bhfuil níos mó rudaí á ndéanamh go digiteach agus atá níos idircheangailte. Tacaíonn sé seo leis an scoláire  ionas go mbeidh sé freagrach, eolach, agus feasach go heiticiúil agus tacaíonn sé lena fhorbairt mar shaoránach muiníneach, inniúil agus nuálach.

Tacaíonn staidéar a dhéanamh ar Ghnó na hArdteistiméireachta leis an scoláire an t-eolas, na scileanna, na luachanna, agus na meonta a fhorbairt a theastaíonn uaidh chun páirt ghníomhach agus mhuiníneach a ghlacadh i saol an ghnó, mar thomhaltóirí agus laistigh de shaol na hoibre araon, le linn dó a litearthacht airgeadais agus ghnó féin a fhorbairt agus an cumas á fháil aige chun cinntí eolacha agus réasúnacha gnó a dhéanamh. Tríd an bhfoghlaim seo, forbraíonn sé tuiscint níos fearr ar thionchar sóisialta agus timpeallachta na gcleachtas gnó agus forbraíonn siad meon dearfach, eiticiúil maidir le fiontraíocht agus maidir le gach gné de ghnó.

# Aidhmeanna

Is é an scoláire a dhéanann staidéar ar Ghnó na hArdteistiméireachta a fhorbraíonn tuiscint ar an tábhacht le gnó ina shaol laethúil agus ar an saol ina thimpeall agus faigheann sé tuiscint dhomhain ar na deiseanna agus ar na dúshláin a bhaineann le timpeallacht ghnó a bhíonn ag forbairt i gcaitheamh an ama. Is trí staidéar a dhéanamh ar Ghnó, a fhorbraíonn an scoláire réimse leathan inniúlachtaí agus foghlaimíonn sé cén chaoi lena fhoghlaim a úsáid i réimse eispéireas fíorshaoil.

Is iad seo a leanas aidhmeanna Ghnó na hArdteistiméireachta:

- chun tuiscint a fháil ar an ról atá ag gnó sa saol laethúil, go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus chun tuiscint a fháil ar na deiseanna a chuireann gnó ar fáil.
- chun tuiscint a fháil ar chéimeanna agus ar fhorbairt na tionscnaíochta agus ar na hidirghabhálacha agus na naisc idir roinnt páirtithe leasmhara i saol an ghnó, agus a bheith in ann an t-eolas agus an tuiscint seo a chur i bhfeidhm.
- chun tuiscint a fháil ar na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann leis an teicneolaíocht dhigiteach agus chun tuiscint fheasach agus chriticiúil a fhorbairt ar chleachtas gnó eiticiúil inbhuanaithe.
- le bheith liteartha agus comhfhiosach ó thaobh airgeadais de agus a bheith ar an eolas faoin tábhacht lena fholláine airgeadais.
- chun meon fiontraíoch a fhorbairt agus le bheith ina chinnteoir muiníneach feasach.
- chun inniúlachtaí a fhorbairt a bhaineann le saol dinimiciúil an ghnó, lena shaol féin, lena shlí bheatha, le staidéar breise, le róil mar fhostóirí agus mar fhostaithe, mar fhiontraithe agus mar cheannairí gnó na todhchaí.

# Leanúnachas agus dul chun cinn

Cuireann Gnó na hArdteistiméireachta leis an eolas, scileanna, luachanna agus meonta a eascraíonn ó oideachas an fhoghlaimeora ón gcóras luath-óige go dtí curaclam na sraithe sóisearaí agus cuireann sé leanúnachas agus dul chun cinn ar fáil in oideachas gnó, cé nach gá go mbeadh staidéar déanta ag scoláirí ar Staidéar Gnó na sraithe sóisearaí sula ndéanfaidh siad staidéar ar Ghnó na hArdteistiméireachta.

## An tSraith Shóisearach

Is é aidhm shonraíocht Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí spéis an scoláire a mhúscailt sa timpeallacht ghnó agus sa chaoi a mbíonn sé ag plé léi. Forbraíonn sé scileanna, eolas, meonta agus iompraíocht a chuireann ar a chumas cinntí eolacha freagracha a dhéanamh leis na hacmhainní uile atá ar fáil dó, ag cinntiú a leasa féin agus leas na sochaí, agus ag an am céanna beidh sé ag éirí níos féinfheasaí mar fhoghlaimeoir. I Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí, foghlaimíonn an scoláire cén chaoi chun tuiscint ar thionchar an ghnó ina shaol agus chun forbairt a dhéanamh ar bhunscileanna, tuiscint agus luachanna le bheith rannpháirteach sa timpeallacht ghnó agus sa gheilleagar, agus don fhoghlaim, obair agus saol amach anseo, lena n-áirítear scileanna anailíseacha, smaointeoireacht chriticiúil, réiteach fadhbanna, oibre foirne agus cumarsáid. Forbraíonn an scoláire eolas agus tuiscint ghnó i roinnt ábhair eile sa tsraith shóisearach amhail matamaitic ina réitíonn sé fadhbanna a bhaineann le hairgead agus eacnamaíocht bhaile ina bhfoghlaimíonn sé faoina bheith ina thomhaltóir eolach agus ina bhforbraíonn sé scileanna litearthachta airgeadais.

## I ndiaidh na sraithe sinsearaí

D’fhéadfadh go leor slite beatha iontacha agus tairbheacha eascairt as staidéar a dhéanamh ar Ghnó na hArdteistiméireachta agus cruthaíonn sé bunús fíormhaith don scoláire ag bogadh isteach i saol na hoibre, i mbreisoideachas agus breisoiliúint, ardoideachas agus fiontraíocht. Cuireann Gnó na hArdteistiméireachta buneolas ar fáil don scoláire le haghaidh réimse leathan slite beatha sa ghnó, sa mhargaíocht, sa dlí, sa fhiontraíocht agus sa bhainistíocht.

# Foghlaim an scoláire sa tSraith Shinsearach

Cuimsítear le foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach, gach rud a fhoghlaimíonn an scoláire **laistigh** de na hábhair agus na modúil a nglacann sé páirt iontu **agus** gach rud a fhoghlaimíonn an scoláire ag a bhfuil baint lena eispéiris sraithe sinsearaí **ar fad**. Is é an phríomhaidhm anseo ná go mbeidh gach scoláire níos saibhre, níos rannpháirtí agus níos inniúla mar dhuine ag deireadh na sraithe sinsearaí ná mar a bhí siad sular thosaigh siad an tsraith shinsearach.

Ar mhaithe le soiléireacht, tugtar breac-chuntas faoin teideal ‘príomhinniúlachtaí’ ar an bhfoghlaim a bhaineann lena n-eispéiris **ar fad** sa tsraith shinsearach. Leagtar amach an fhoghlaim a tharlaíonn **laistigh** den ábhar nó den mhodúl sonrach faoin teideal ‘snáitheanna agus torthaí foghlama’. Ach tá sé ríthábhachtach a aithint go bhforbraítear príomhinniúlachtaí agus foghlaim ábhair nó mhodúil go comhtháite. Tá na príomhinniúlachtaí comhtháite ar fud na réasúnaíochta, na n-aidhmeanna, na dtorthaí foghlama agus ar fud ranna measúnaithe na sonraíochtaí. Go praiticiúil, is é an scoláire a fhorbraíonn príomhinniúlachtaí ar scoil trí na hoideolaíochtaí a úsáideann múinteoirí, agus an timpeallacht a fhorbraíonn siad ina seomraí ranga agus laistigh dá scoil. D’fhéadfadh na hábhair a bheith cabhrach don scoláire a phríomhinniúlachtaí a fhorbairt; agus is féidir leis na príomhinniúlachtaí foghlaim ábhair níos doimhne a fheabhsú agus a éascú. Nuair a tharlaíonn an comhtháthú seo, leanann an scoláire ar aghaidh ag baint tairbhe as

- le linn agus i gcaitheamh na sraithe sinsearaí
- le linn dó aistriú chuig gnéithe éagsúla i mbreisoideachas, oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus
- ina shaol mar dhuine fásta le linn dó caidrimh a bhunú agus a chothú le réimse leathan daoine ina saol agus páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí.

Nuair a dhéanann múinteoirí agus an scoláire ceangail idir modhanna teagaisc a bhíonn in úsáid don scoláire, na hinniúlachtaí atá á bhforbairt aige agus na bealaí ar féidir leis na hinniúlachtaí sin foghlaim shainiúil ábhair an scoláire a dhoimhniú, éiríonn an scoláire níos feasaí ar na bealaí ar fad a gcuireann a n-eispéiris ar fud na sraithe sinsearaí lena fhorbairt iomlánaíoch mar dhuine.


# Príomhinniúlachtaí

Is scáth-théarma é Príomhinniúlachtaí ina ndéantar tagairt don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn an scoláire ar bhealach imeasctha le linn na sraithe sinsearaí.




Fíor 1: Comhpháirteanna na bpríomhinniúlachtaí agus an tionchar a mianaítear leo

Leagtar amach an t-eolas a bhaineann go sonrach leis an ábhar seo thíos faoin teideal 'snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama'. Comhtháthaítear an t-eolas eipistéimeach ar fud na n-ábhar agus na modúl sna príomhinniúlachtaí.




Fíor 2: Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach, lena dtacaíonn litearthachtaí agus uimhearthacht

Tá na hinniúlachtaí seo idirnasctha agus is féidir iad a thabhairt le chéile; tá siad in ann foghlaim iomlán an scoláire a fheabhsú; in ann cabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir naisc bhríocha a dhéanamh idir agus thar réimsí foghlama difriúla; agus tá tábhacht ag baint leo ar fud an churaclaim.

Cuireann forbairt litearthachta agus uimhearthacht an scoláire le forbairt na n-inniúlachtaí agus an bealach eile thart. Tacaítear leis na príomhinniúlachtaí nuair a dhéantar litearthacht agus uimhearthacht an scoláire a fhorbairt go maith agus nuair is féidir leis dea-úsáid a bhaint as uirlisí éagsúla, teicneolaíochtaí ina measc, chun tacú lena chuid foghlama.

Cuirtear beocht sna príomhinniúlachtaí trí na heispéiris foghlama agus na hoideolaíochtaí a roghnaíonn an múinteoir agus trí fhreagairtí an scoláire orthu seo. Is féidir agus ba cheart go gcabhrófaí leis an scoláire a chuid príomhinniúlachtaí a fhorbairt, beag beann ar a chúlra, ar a chuid cúinsí ná ar a chuid eispéireas, faoi láthair nó roimhe seo, agus ba cheart go mbeadh neart deiseanna aige a phríomhinniúlachtaí a léiriú. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na príomhinniúlachtaí ar fáil ag https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach/athfhorbairt-na-sraithe-sinsearai/priomhinniulachtai-an-scolaire/

Is féidir na príomhinniúlachtaí seo a fhorbairt i nGnó na hArdteistiméireachta ar réimse bealaí. Is bunchlocha den rath iad smaointeoireacht nuálach agus réiteach fadhbanna laistigh de shaol dinimiciúil an ghnó. I nGnó na hArdteistiméireachta, forbraíonn an scoláire scileanna smaointeoireachta criticiúla agus réitigh fadhbanna chun feabhas a chur ar a thuiscint ar fhíorshaol an ghnó, agus chun a fhoghlaim a chur i bhfeidhm ann. Bíonn an scoláire ag plé go rialta le gnó sna meáin agus, bailíonn sé eolas ó réimse foinsí agus déanann sé measúnú agus anailísiú ar an eolas céanna. Tugtar spreagadh dó an méid sin a dhéanamh ach intinn oscailte a bheith aige, bunaithe ar an mian chun tuiscint níos fearr a fhorbairt ar an gcaoi a n-oibríonn cúrsaí gnó agus ar an gcaoi a bhfuil siad bainteach lena shaol laethúil, lena phobal, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Agus an scoláire ag plé le torthaí foghlama shonraíocht Ghnó na hArdteistiméireachta, bíonn deis aige iniúchadh a dhéanamh ar réimsí gnó atá bainteach lena shaol laethúil agus lena chomhthéacs áitiúil. Chomh maith leis sin, forbraíonn an scoláire tuiscint ar an tábhacht le nuálaíocht agus cruthaitheacht i saol an ghnó agus sa tsochaí níos ginearálta, le bheith níos muiníní chun rioscaí feasacha a thógáil, chun deacrachtaí a shárú, agus athruithe a bhainistiú, rudaí ar fad a spreagann an scoláire le bheith níos cruthaithí.

Tugtar spreagadh don scoláire agus tacaítear leis chun scileanna féinbhainistíochta agus féinrialúcháin a fhorbairt trína rannpháirtíocht leis an tsonraíocht seo. Déanann sé iniúchadh ar an tábhacht le plean tionscadail a phleanáil agus a fhorbairt, ina bhfuil spriocanna áirithe, agus leagtar béim chomh maith ar an tábhacht le monatóireacht agus oiriúnú leanúnach nuair is cuí. Beidh deiseanna ag an scoláire eolas a chur in iúl, eolas a fuair sé óna thaighde le linn dó tuairimí a chur in iúl mar chuid de dhíospóireachtaí. Agus an scoláire rannpháirteach le foinsí eolais agus sonraí éagsúla, foghlaimeoidh sé faoin tábhacht le scrúdú a dhéanamh ar fhoinsí eolais agus iad a aithint le linn dó a bheith ag foghlaim faoin tábhacht le machnamh a dhéanamh ar roinnt dearcthaí.

Cuirtear an t-uafás deiseanna ar fáil i nGnó na hArdteistiméireachta don scoláire le teacht le chéile agus oibriú as lámha a chéile. Trína eispéiris sa seomra ranga, foghlaimeoidh an scoláire cén chaoi le hoibriú mar chuid de ghrúpa agus plé a dhéanamh ar na gnéithe ábhartha de ghnó i mbeirteanna agus i ngrúpaí. Cuireann sé seo le tuiscint ar a fháil ar na buntáistí agus na dúshláin fhéideartha a bhaineann le bheith ag obair le daoine eile. Foghlaimíonn an scoláire faoin tábhacht le difríochtaí i dtuairimí agus coimhlint a réiteach le linn dó tuiscint a fhorbairt ar an gcaoi a bhféadfadh coimhlint tionchar a imirt ar thimpeallacht na háite oibre.

Agus an scoláire rannpháirteach le Gnó na hArdteistiméireachta, forbraíonn sé tuiscint ar an tábhacht le gnó sa tsochaí agus forbraíonn sé tuiscint ar an gcaoi ar athraigh an teicneolaíocht dhigiteach na cleachtais ghnó ó bhonn. Faigheann an scoláire tuiscint ar an tábhacht le cleachtais ghnó eiticiúla agus inbhuanaithe agus tugtar an chumhacht dó roghanna agus cinntí eolacha a dhéanamh mar thomhaltóirí, mar fhostaithe, mar fhiontraithe agus mar cheannairí sa ghnó araon. Ní hamháin gur féidir na hinniúlachtaí seo a chur i bhfeidhm i saol an ghnó agus is féidir iad a chur i bhfeidhm sa tsochaí níos leithe agus ina shaol laethúil.

# Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama

Tá ceithre shnáithe chomhthéacsúla ag baint leis an tsonraíocht seo: Iniúchadh a dhéanamh ar an timpeallacht ghnó, Tuiscint a fháil ar fhiontraíocht, A bheith i gceannas i ngnó agus Cinntí eolacha a dhéanamh i dteannta leis an snáithe aontach, Gnó a Iniúchadh. Tá an snáithe aontaithe deartha le bheith fite ar fud na snáitheanna comhthéacsúla de réir mar is cuí.


Aithnítear ceithre théama thrasghearrtha- Cúrsaí eitice agus inbhuanaitheacht, Smaointeoireacht fhiontraíoch, Gnó agus litearthacht airgeadais agus Claochlú digiteach- a chuireann dearcadh ar fáil ar son na foghlama laistigh den tsonraíocht, agus is minic a bhíonn siad idirnasctha... Fitear na téamaí seo ar fud fhoghlaim an scoláire nuair is cuí, le bheith mar dhearcthaí chun iniúchadh a dhéanamh ar shaol dinimiciúil an ghnó. Tugtar cuntas gairid thíos ar na téamaí trasghearrtha.

**Cúrsaí eitice agus inbhuanaitheacht:** Is bunchloch iad machnaimh eitice agus inbhuanaitheachta maidir leis an gcaoi a n-idirghníomhaíonn gnólachtaí leis an tsochaí agus leis an timpeallacht agus is gnéithe iad d’oibríocht rathúil ghnó. I saol dinimiciúil an ghnó, tá sé tábhachtach do na heagraíochtaí feidhmiú go heiticiúil, le bheith trédhearcach agus teagmháil eiticiúil a dhéanamh le custaiméirí, fostaithe, páirtithe leasmhara eile, lena phobal áitiúil, agus leis an timpeallacht.

**Smaointeoireacht fiontraíochta:** Nuair a fhorbraíonn an scoláire meon fiontraíoch, cabhraíonn sé leis smaoineamh go leathan, chun deiseanna a aithint agus freagairt dóibh, chun machnamh a dhéanamh ar riosca, éagsúlú agus oiriúnú de réir athrú, teacht ar chonclúidí eolacha, agus foghlaim óna thaithí. Cuidíonn sé seo leis nuálaíocht a chothú, rud a spreagann fás pearsanta agus gnó.

**Litearthacht ghnó agus airgeadais:** Is príomhinniúlachtaí iad litearthacht ghnó agus airgeadais i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil a chuidíonn leis an scoláire mar dhuine aonair agus mar shaoránach chun eolas, iompraíochtaí agus meonta a fhorbairt a thacaíonn le cinntí gnó agus airgeadais atá cuí agus eolach a dhéanamh.

**Claochlú digiteach:** Tá an tírdhreach gnó athraithe ó bhonn de bharr forbairtí leanúnacha i dteicneolaíochtaí digiteacha agus tá siad tar éis cur isteach ar an gcaoi a bhfeidhmíonn gnó. Cuimsítear le samplaí de seo (ach níl siad teoranta do na samplaí céanna); digitiú, Intleacht Shaorga (IS) agus olltiomsú sonraí, rudaí ar fad a bhfuil tionchar acu ar ghnólachtaí iad féin, ar an gcaoi a ndéileálann custaiméirí le gnó, ar shaol na hoibre agus ar an gcaoi andéantar cinntí. Is í an timpeallacht atá ag athrú go sciobtha atá mar dhúshlán roimh ghnólachtaí agus custaiméirí chun aghaidh a thabhairt ar nuálaíocht agus chun leas a bhaint as an gcumhacht de theicneolaíocht dhigiteach le linn dóibh a bheith ag tabhairt aghaidh ar aon dúshlán a d’fhéadfadh teacht chun cinn.




Fíor 3: Gnó na hArdteistiméireachta: Léargas ar an tSonraíocht

Ceapadh shonraíocht Ghnó na hArdteistiméireachta le haghaidh 180 uair an chloig ar a laghad d'am ranga. Tugtar achoimre ghairid ar gach snáithe agus tábla ina ndiaidh ina leagtar amach an fhoghlaim don scoláire i ndá cholún. Sa cholún ar dheis, tá torthaí foghlama a dhéanann cur síos ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart a bheith ar chumas an scoláire i ndiaidh tréimhse foghlama. Sa cholún ar chlé, déantar cur síos ar réimsí ar leith faoina bhfoghlaimíonn an scoláire. I dteannta a chéile, cuirfidh siad seo soiléireacht agus comhleanúnachas leis na codanna eile den tsonraíocht ar fáil. In Aguisín 1 tugtar gluais de bhriathra gnímh a úsáidtear sna torthaí foghlama. Tá cuid de na coincheapa agus téarmaí laistigh de thorthaí foghlama marcáilte le réiltín (*) le tabhairt le fios go ndéantar tuilleadh scrúdú ar an gcoincheap sa ghluais téarmaí in Aguisín 2.

Déantar measúnú ar an bhfoghlaim atá leagtha amach sa tsonraíocht seo ag Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, mar sin ba cheart go mbeadh na torthaí foghlama atá leagtha amach ar fud na snáitheanna a bheith indéanta i dtaca le cumas agus le hinniúlachtaí gach scoláire. Cuireann torthaí foghlama próisis teagaisc agus foghlama chun cinn a fhorbraíonn eolas, scileanna, luachanna agus meonta an scoláire de réir a chéile, rud a chuireann ar a chumas a phríomhinniúlachtaí a chur i bhfeidhm ar chásanna difriúla de réir mar a théann sé chun cinn. Tabharfaidh an scoláire atá ag déanamh staidéar ar an ngnáthleibhéal agus ar an ardleibhéal aghaidh chriticiúil ar Ghnó na hArdteistiméireachta, ach beidh an comhthéacs, an fhaisnéis agus na torthaí a eascraíonn as an rannpháirtíocht sin éagsúil lena chéile.

| Gnáthleibhéal | Ardleibhéal |
|---|---|
| • Forbraíonn an scoláire a eolas, tuiscint agus cur i bhfeidhm na n-inniúlachtaí gnó agus bainteacha, rud a chabhraíonn leis gnéithe bunúsacha de shaol an ghnó a aithint agus a mhíniú de bharr go mbaineann siad lena shaol, fiontraíocht, an tsochaí féin agus le tionchar na dtosca náisiúnta agus idirnáisiúnta. | • Léiríonn an scoláire tuiscint shofaisticiúil agus cur i bhfeidhm na n-inniúlachtaí gnó agus bainteacha, rud a chabhraíonn leis gnéithe bunúsacha de shaol an ghnó a aithint agus a mhíniú de bharr go mbaineann siad lena shaol, fiontraíocht, an tsochaí agus le tionchar na dtosca náisiúnta agus idirnáisiúnta. |
| • Faigheann an scoláire eolas, a bhíonn cinnte den chuid is mó, ach a mbíonn píosa machnaimh ann freisin. | • Faigheann an scoláire eolas atá casta go leor, agus déanann sé machnamh ar an eolas agus cuireann sé i bhfeidhm é i réimsí ábhartha. |
| • Déanann an scoláire anailís ar fhaisnéis agus forbraíonn sé a chuid smaointe nó dearcthaí féin ach úsáid a bhaint as feasacht chriticiúil de shaghas éigin. Is iad na gnéithe comónta sin: déanann an scoláire raon measartha de scileanna a léiriú agus a úsáid agus cuireann sé a thuiscint i bhfeidhm maidir le fadhbanna éagsúla a thuiscint i gcomhthéacsanna coitianta den chuid is mó agus i roinnt comhthéacsanna neamhchoitianta leis agus cosnaíonn sé a dhearcthaí. | • Déanann an scoláire anailís ar fhaisnéis agus smaoiníonn sé go cruthaitheach agus go criticiúil chun a chuid smaointe nó dearcthaí féin a fhorbairt. Léiríonn sé raon leathan scileanna agus bainfidh sé leas astu chun faisnéis a mheas agus a úsáid le go gcosnófaí dearcthaí feasacha agus chun machnamh a dhéanamh ar fhadhbanna coitianta agus neamhchoitianta. |
| • Cuireann an scoláire a fhoghlaim i bhfeidhm ar shaincheisteanna coitianta ach ar roinnt saincheisteanna neamhchoitianta laistigh den saol comhaimseartha gnó. | • Cuireann an scoláire a fhoghlaim i bhfeidhm i réimse leathan saincheisteanna coitianta agus neamhchoitianta laistigh den saol comhaimseartha gnó. |

Tábla 1: Dearadh torthaí foghlama don ghnáthleibhéal agus don ardleibhéal

## Snáithe Aontach: Gnó a Iniúchadh

Baineann an fhoghlaim seo le gach ceann de na ceithre shnáithe chomhthéacsúla agus cuireann sé beocht sna cleachtais agus sna noirm a bhaineann le bheith ag obair le faisnéis agus sonraí chun teacht ar chonclúidí, cinntí agus moltaí feasacha. Bíonn deis ag an scoláire cur leis an bhfoghlaim agus leis na cleachtais a forbraíodh, ní hamháin i seomra ranga Staidéar Gnó na sraithe sóisearaí, ach le linn a thaithí sa tsraith shóisearach. Cothaíonn an fhoghlaim sna snáithe seo an téama trasghearrtha den mheon fiontraíoch de réir mar a thugann an scoláire aghaidh ar phróiseas ina gcaithfidh siad smaoineamh go hoscailte, deiseanna a aithint agus a thapú, machnamh a dhéanamh ar rioscaí, éagsúlú agus oiriúnú de réir athrú agus foghlaim óna eispéiris.

Tá deiseanna gó leor ann ar fud na sonraíochta chun an fhoghlaim atá leagtha amach sa snáithe seo a fhorbairt. Tá an tsaoirse agus an tsolúbthacht ag an múinteoir pleanáil don fhoghlaim seo ar fud na dtorthaí foghlama sna ceithre shnáithe chomhthéacsúla nó tá deiseanna féideartha chun an fhoghlaim seo a fhorbairt fite iontu le deiseanna imscrúdaithe, meastóireachta agus anailíse. Is féidir leis an scoláire an fhoghlaim seo a chur i bhfeidhm freisin maidir lena iniúchadh ar thuairiscí tráthúla a bhaineann le gnó agus ar mhíreanna nuachta agus maidir le deiseanna le bheith ag cur in iúl i réimse formáidí.

### Torthaí Foghlama an tsnáithe aontaigh

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
| --- | --- |
| **A1. Ceisteanna a fhorbairt chun taighde a dhéanamh orthu**<br>• an gá le ceisteanna bunaithe ar thopaicí a fhorbairt agus a bheachtú lena chinntiú go bhfuil soiléireacht ann agus go bhfuil eolas nó sonraí dóthanacha ar ardchaighdeán ann agus/nó sonraí a úsáideann cuspóirí SMART* | **1.** réimse ceisteanna a fhorbairt chun taighde a dhéanamh orthu |
| **A2 Faisnéis a bhainistiú**<br>• an tábhacht le húsáid a bhaint as réimse eolais agus sonraí; machnamh a dhéanamh ar réimse dearcthaí, inchreidteacht na foinse eolais/sonraí, comhthéacs agus cruinneas an eolais/na sonraí, measúnú a dhéanamh ar eolas/ar shonraí le haghaidh claonadh féideartha, iontaofachta agus luacha.<br>• an gá le heolas agus sonraí a anailísiú ó réimse dearcthaí agus a chinntiú go bhfuil na sonraí agus an t-eolas a bailíodh ionadaíoch agus cuimsitheach. | **1.** sonraí, fianaise agus/nó eolas cuí a shainaithint, ar shaincheisteanna a bhaineann le gnó ó réimse foinsí.<br>**2.** measúnú a dhéanamh ar chruinneas, inchreidteacht agus iontaofacht na bhfoinsí.<br>**3.** na foinsí sonraí, fianaise agus/nó an t-eolas atá á úsáid a thaifeadadh go cruinn agus aitheantas a thabhairt.<br>**4.** príomhphointí nó smaointe i ngach foinse a shainaithint.<br>**5.** anailísiú a dhéanamh ar a fhoinsí eolais lena fháil amach a thábhachtaí atá saincheist do dhaoine aonair agus/nó grúpaí éagsúla.<br>**6.** bearnaí in eolas i sonraí a shainaithint agus measúnú a dhéanamh ar an toradh ar an méid sin trí theacht ar chonclúid(í) feasach(a) a úsáid. |

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **A3 Pleanáil tionscadail**<br>• an suntas a bhaineann le plean tionscadail mionsonraithe agus le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn mar chuid de bhainistiú tionscadal. An gá le plean tionscadail ina bhfuil aidhm, spriocanna agus critéir shoiléire maidir le rath agus cuimsítear leis róil agus freagrachtaí, acmhainní, cuspóirí, sceideal ama mionsonraithe, measúnú riosca, monatóireacht agus measúnacht. | **1.** tuiscint a léiriú ar an tábhacht le haidhm, spriocanna agus critéir atá sainithe go soiléir maidir le rath i dtionscadal a léiriú.<br>**2.** breac-chuntas a thabhairt ar na príomhghnéithe de phlean tionscadail agus plean tionscadail a fhorbairt lena gcuimsítear na príomhghnéithe seo.<br>**3.** tuiscint a léiriú ar an tábhacht a bhaineann le monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn an tionscadail. |
| **A4 Faisnéis a anailísiú agus a mheasúnú**<br>• an gá le torthaí a anailísiú agus a mheas chun teacht ar chonclúid(í) feasach(a). | **1.** eolas agus sonraí a anailísiú agus a léirmhíniú.<br>**2.** measúnú a dhéanamh ar réimse dearcthaí laistigh de na torthaí.<br>**3.** torthaí a sintéisiú chun tuiscint nua nó tuiscint fheabhsaithe a chruthú.<br>**4.** luach an eolais seo a mheas.<br>**5.** torthaí a mheasúnú chun cinneadh/cinntí eolasacha a dhéanamh, chun teacht ar chonclúid/chonclúidí eolasacha nó chun moladh/moltaí a chur ar fáil. |
| **A5 Torthaí agus dearcthaí a chur i láthair**<br>• an tábhacht le cumarsáid i bhformáid agus i stíl a fheileann don lucht féachana sprice. | **1.** úsáid a bhaint as na foirmeacha cuí cumarsáide (ó bhéal, físe, scríofa, ilmhódach) ar chríocha éagsúla agus do lucht féachana a d'fhéadfadh a bheith éagsúil.<br>**2.** úsáid a bhaint asgraif/cairteacha/ léaráidí/grafaicí chun tacú le cur i láthair a thorthaí.<br>**3.** sainaithint cén chaoi agus cén fáth a bhféadfadh a dhearcthaí a bheith athraithe bunaithe ar a chuid taighde.<br>**4.** conclúid(í), dearcadh/dearcthaí agus nó moladh/moltaí a léiriú go soiléir agus go loighciúil trí úsáid a bhaint as téarmeolaíocht ghnó agus coincheapa gnó i gceart agus go héifeachtúil. |
| **A6 Foinsí a aithint**<br>• an tábhacht le gach foinse eolais* a thaifeadadh agus a aithint, is cuma más foinse phríomha nó foinse thánaisteach atá ann, beag beann ar an bhformáid. | **1.** gach foinse sonraí agus eolais a thaifeadadh agus a aithint go soiléir agus go cruinn. |

## Snáithe 1: Iniúchadh a dhéanamh ar an Timpeallacht Ghnó

Is geilleagar beag oscailte í Éire agus bíonn tionchar aige sin ar ghnó, ar bheartais agus ar chinntí rialtais agus ar chustaiméirí dá réir sin. Déanann an scoláire iniúchadh ar an gcaoi a ndéanann an rialtas cinntí a imríonn tionchar ar ghnó agus ar an gcaoi a bhfuil tionchar ag gnó ar an tsochaí, ar an timpeallacht agus ar an ngeilleagar. Déanann sé iniúchadh ar an gcaoi a bhfuil tionchar ag forbairtí ag leibhéal náisiúnta agus Eorpach agus idirnáisiúnta ar shaol an ghnó agus déanann sé machnamh ar an gcaoi ar féidir le forbairtí digiteacha agus trádáil idirnáisiúnta* tionchar a imirt ar thomhaltóirí agus ar ghnólachtaí araon.

Sa snáithe seo, forbróidh an scoláire tuiscint ar an timpeallacht ghnó. Bainfidh an scoláire an méid sin amach trí mhachnamh a dhéanamh ar fhoirmeacha éagsúla eagraíochtaí gnó agus ar an tábhacht le páirtithe leasmhara éagsúla agus ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn siad lena chéile. Déanfaidh an scoláire iniúchadh ar an tionchar atá ag beartais ar ghnó agus déanfaidh sé machnamh ar an gcaoi ar féidir le gnólachtaí agus le spéiseanna gnólachtaí tionchar a imirt ar bheartas.

Mar náisiún oileánda, is príomhghné d'fhorbairt gnó í rochtain ar bhloic thrádála. Tá ballraíocht na Éireann san AE suntasach freisin do ghnólachtaí na hÉireann agus déanfaidh an scoláire anailísiú agus measúnú ar bhallraíocht na hÉireann san AE agus ar na deiseanna agus ar na dúshláin a bhaineann leis sin. Foghlaimeoidh an scoláire faoi shaol an ghnó dhomhanda agus faoin gcaoi ar féidir le geilleagar oscailte na hÉireann leas a bhaint as trádáil idirnáisiúnta, agus na dúshláin a théann leis an méid sin a aithint freisin. Nuair a dhéanann an scoláire iniúchadh ar thionchar na teicneolaíochta agus ar phoitéinseal na hInfheistíochta Dírí Coigríche, cuideoidh sé sin leis an scoláire a chur ar an eolas agus tuiscint a fháil ar shaol dinimiciúil an ghnó.

Trí pháirt a ghlacadh san fhoghlaim seo, forbróidh an scoláire a chumas imscrúdú, anailís agus meastóireacht a dhéanamh agus tuigfidh sé tábhacht na timpeallachta gnó náisiúnta agus idirnáisiúnta agus a litearthacht ghnó á forbairt aige ag an am céanna. Beidh an deis ag an scoláire iniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna tráthúla gnó agus tabharfar an chumhacht dó teacht ar chonclúidí feasacha agus a fhoghlaim a chur i bhfeidhm ar fud a staidéir ar Ghnó na hArdteistiméireachta.

### Snáithe 1: Torthaí foghlama

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **1. Príomhpháirtithe leasmhara i ngnó**<br>• príomhpháirtithe leasmhara i ngnó (lena n-áirítear úinéirí gnólachtaí, infheisteoirí, fostaithe, tomhaltóirí, soláthróirí, pobal áitiúil agus rialtas), an tábhacht atá leo i ngnó agus a n-idirspleáchais, lena n-áirítear riachtanais agus mianta na bpríomhpháirtithe leasmhara éagsúla ag céimeanna éagsúla den fhorbairt gnó. | **1.** breac-chuntas a thabhairt ar na príomhpháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha i ngnó agus an tábhacht atá leo sa timpeallacht ghnó a léiriú.<br>**2.** an chaoi a n-idirghníomhaíonn na páirtithe leasmhara lena chéile a aithint chomh maith le coimhlint fhéideartha a aithint idir na páirtithe leasmhara.<br>**3.** bealaí cuí a mholadh chun coimhlint a sheachaint agus a réiteach idir páirtithe leasmhara.<br>**4.** tabhairt faoi mhapáil páirtithe leasmhara* agus an tábhacht le tús áite a thabhairt do spéiseanna páirtithe leasmhara éagsúla a mhíniú. |

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **2. Foirmeacha gnó, rialachán agus rialachas gnó** | |
| • na cineálacha éagsúla gnó a oibríonn, fiontair phoiblí, phríobháideacha, leathstáit agus sheachbhrabúsacha araon* san áireamh | **1.** idirdhealú a dhéanamh idir fiontair phoiblí, phríobháideacha agus fiontair sheachbhrabúsacha agus anailísiú a dhéanamh ar thairbhe na gcineálacha fiontair seo go háitiúil agus go náisiúnta. |
| • nádúr na húinéireachta gnó agus an chaoi a bhféadfadh sé seo teacht chun cinn thar shaolré gnólachta (náisiúnú agus príobháidiú san áireamh). Ba cheart go gcuimseofaí leis na cineálacha eagraíochtaí; trádálaithe aonair, comhpháirtíochtaí, cuideachtaí príobháideacha teoranta, gnólachtaí liostaithe go poiblí, saincheadúnais, comharchumainn, eagraíochtaí earnála poiblí | **2.** breac-chuntas a thabhairt ar na difríochtaí idir cineálacha éagsúla eagraíochtaí in úinéireacht ghnólachta chomh maith leis an gcaoi ar féidir le húinéireacht athrú le himeacht ama. |
| • an chaoi a rialaítear eagraíochtaí go hinmheánach agus go seachtrach, lena n-áirítear iniúchadh, bainistíocht riosca agus comhlíontacht | **3.** breac-chuntas a thabhairt ar chuspóir an rialacháin i ngnó agus iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a rialaítear eagraíochtaí go hinmheánach agus go seachtrach<br>**4.** an méid atá i gceist le rialachas in eagraíocht a mhíniú. |
| • an suntas a bhaineann leis na tosca Rialachais Shóisialta agus Comhshaoil* i rialachas gnó. | **5.** breac-chuntas a thabhairt ar na trí ghné a ndéantar machnamh orthu i dtuarascáil Rialachais Shóisialta agus Comhshaoil. |
| **3. Gnó agus an geilleagar** | |
| • ábharthacht na dtáscairí eacnamaíochta ar leith lena n-áirítear boilsciú, rátaí fostaíochta, rátaí úis, fás geilleagrach agus forbairt gheilleagrach, rátaí malairte agus muinín an tomhaltóra maidir le forbairt agus fás gnó. | **1.** míniú a thabhairt ar an gcaoi ar féidir le táscairí geilleagracha tionchar a bheith acu ar fhorbairt agus ar fhás gnó. |
| • Luach an gheilleagair gnó in Éirinn, lena n-áirítear, láimhdeachas agus patrúin fostaíochta. | **2.** breac-chuntas a thabhairt ar luach an gheilleagair gnó in Éirinn. |
| **4. Tionchar bheartas náisiúnta agus AE** | |
| • an chaoi a n-imríonn beartas rialtais na hÉireann* tionchar ar fud earnálacha éagsúla den gheilleagar, conas atá difríocht idir beartas agus reachtaíocht agus conas is féidir le páirtithe leasmhara i ngnó a bheith mar bhonn eolais agus tionchar a imirt ar fhorbairt beartais (lena n-áirítear grúpaí sainleasa agus brústocaireacht) | **1.** breac-chuntas a thabhairt ar thrí bheartas de chuid rialtais na hÉireann a mbíonn tionchar acu ar thrí earnáil éagsúla den gheilleagar in Éirinn*<br>**2.** míniú a thabhairt ar an difríocht idir beartas agus reachtaíocht rialtais<br>**3.** breac-chuntas a thabhairt ar an ról atá ag gnólachtaí i bhforbairt an bheartais náisiúnta. |

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • na príomhghníomhaithe i bhforbairt beartais an AE (lena n-áirítear Comhairle an Aontais Eorpaigh, an Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa, agus an Banc Ceannais Eorpach) | **4.** na príomhchinnteoirí i bhforbairt beartais na hEorpa a shainaithint. |
| • An difríocht idir rialacháin, treoracha agus tuairimí an AE bunaithe ar an gcaoi a gcaithfidh rialtas na hÉireann freagra a thabhairt ar an leibhéal náisiúnta. | **5.** idirdhealú a dhéanamh idir rialacháin, treoracha agus tuairimí na hEorpa. |
| • an tionchar a bhíonn ag an AE ar ghníomhaíochtaí ghnó agus leagtar béim ar aidhm na treorach/reachtaíochta, an chaoi ar cuireadh i bhfeidhm in Éirinn iad, an chaoi ar féidir leis tionchar dearfach agus diúltach a imirt ar pháirtithe leasmhara éagsúla agus cé acu an gcothaíonn sé cleachtas gnó eiticiúil agus inbhuanaithe agus/nó úsáid na teicneolaíochta nó nach gcothaíonn. | **6.** measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag rialachán AE amháin dá rogha agus ag treoir amháin ón AE dá rogha ar ghníomhaíocht ghnó in Éirinn[1] |
| **5. Gnó na hÉireann ar fud an domhain agus go hidirnáisiúnta** | |
| • an tábhacht le bloic thrádála do ghnólachtaí Éireannacha, ballraíocht na hÉireann san AE agus an chaoi ar féidir leis an méid seo tionchar a imirt ar gheilleagar na hÉireann agus ar ghnólachtaí agus ar thomhaltóirí in Éirinn. | **1.** an méid atá i gceist le bloc trádála a mhíniú agus plé a dhéanamh ar an bhfáth a bhfuil siad tábhachtach do ghnólachtaí i ngeilleagar na hÉireann. <br> **2.** na bloic thrádála is ábhartha do ghnólachtaí na hÉireann a shainaithint. <br> **3.** measúnú a dhéanamh ar bhallraíocht na hÉireann san AE ó thaobh an gheilleagair, gnólachtaí agus tomhaltóirí. |
| • an margadh gnó idirnáisiúnta agus cén fáth a bhféadfadh eagraíochtaí atá lonnaithe in Éirinn cinneadh a dhéanamh fairsingiú go hidirnáisiúnta agus na gnéithe le cuimhneamh orthu lena n-áirítear cúrsaí cánach agus taraifí, costais,, rátaí malairte, rialachán, iomaíocht, agus teanga/cultúr. | **4.** breac-chuntas a thabhairt ar na gnéithe le cuimhneamh orthu nuair a bhítear ag trádáil go hidirnáisiúnta. <br> **5.** an fáth a mbíonn gnólachtaí na hÉireann ag trádáil go domhanda a mhíniú agus tagairt a dhéanamh do gheilleagar oscailte na hÉireann agus comparáid a dhéanamh idir na dúshláin agus na tairbhí de thrádáil i dtimpeallacht idirnáisiúnta. |
| • an tábhacht a bhaineann le comhardú na n-íocaíochtaí agus comhardú na trádála. | **6.** idirdhealú a dhéanamh idir comhardú na n-íocaíochtaí agus comhardú na trádála agus an dá cheann a ríomh bunaithe ar na figiúirí a thugtar. |

[1] Caithfidh an rialachán agus an treoir a ndéantar measúnú orthu anseo a bheith difriúil le haon reachtaíocht a ndéantar iniúchadh uirthi i gcuid a haon agus i gcuid a trí de Shnáithe a Ceathair.

| Students learn about | Students should be able to |
|---|---|
| • na hiarmhairtí sóisialta agus comhshaoil a bhaineann le domhandú* lena n-áirítear rioscaí polaitiúla, rioscaí airgeadais, agus bacainní cultúrtha. | **7.** measúnú a dhéanamh ar thionchar na n-eagraíochtaí Éireannacha ag trádáil go hidirnáisiúnta, agus béim á leagan ar an tionchar dearfach agus diúltach agus ar an tionchar sóisialta agus comhshaoil atá ag domhandú.<br>**8.** an chaoi ar féidir le domhandú idirspleáchas* a mhéadú agus measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí de seo do na gnólachtaí agus do na tomhaltóirí araon. |
| • an ról atá ag an teicneolaíocht i ndomhandú lena n-áirítear trádáil, cleachtais oibre agus an chaoi a bhfeidhmíonn an gnólacht. | **9.** ról na teicneolaíochta i ndomhandú a mheasúnú. |
| • coincheap na hInfheistíochta Dírí Coigríche (IDC), agus an chaoi a meallann Éire IDC (lena n-áirítear forbairt caipiteal daonna*, beartas ar son fiontair, rochtain ar mhargaí agus ar thaighde) | **10.** an méid atá i gceist le hInfheistíocht Dhíreach Choigríche a mhíniú agus an chaoi a gcuireann rialtas na hÉireann Infheistíocht Dhíreach Choigríche chun cinn a iniúchadh. |
| • na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le IDC in Éirinn maidir le fostaíocht, fáltas, taighde, bonneagar agus nuálaíocht. | **11.** breac-chuntas a thabhairt ar ranníocaíocht na hInfheistíochta Dírí Coigríche do gheilleagar na hÉireann. |
| **6. Mo chuid foghlama a chur i bhfeidhm**<br>• an chaoi ar féidir a fhoghlaim i nGnó na hArdteistiméireachta a chur i bhfeidhm ina shaol laethúil agus an chaoi ar féidir leis cuidiú leis tuiscint a fháil ar scéalta gnó sna meáin. | **1.** anailísiú a dhéanamh ar eolas ón nuacht agus ó na meáin a bhaineann leis an timpeallacht ghnó agus tuairim nó dearcadh feasach a chur ar fáil. |

## Snáithe 2: Fiontraíocht a thuiscint

Tacaíonn an snáithe seo le rannpháirtíocht an scoláire i saol dinimiciúil an ghnó trí thuiscint a fhorbairt ar phleanáil straitéiseach agus ar shuntas na samhlacha gnó. Sa snáithe seo forbróidh an scoláire tuiscint ar thionscnaíocht agus ar fhiontraíocht sa bhrí is coitianta agus aithneoidh sé an tábhacht le fiontraíocht agus infhiontraíocht i saol an ghnó chomh maith lena tábhacht don duine aonair, don phobal agus don gheilleagar níos leithne.

Sa snáithe seo, forbróidh an scoláire tuiscint ar phleananna gnó agus ar shamhlacha gnó agus cuirfidh sé an t-eolas agus an tuiscint i bhfeidhm i ngnéithe éagsúla d'fhorbairt fiontair.

Trí pháirt a ghlacadh san fhoghlaim atá leagtha amach sa snáithe seo, fiosróidh an scoláire forbairt smaointe, an tábhacht a bhaineann le pleanáil, fás agus forbairt agus oibríochtaí agus airgeadas.

Díreoidh an scoláire ar idirghaolmhaireachtaí idir taighde margaidh, an cumasc margaíochta agus iompraíocht tomhaltóirí, agus úsáidfidh sé réimse uirlisí anailíseacha chun teacht ar chonclúidí feasacha. Déantar machnamh ar an tábhacht le riosca a bhainistiú chomh maith leis an ngá le machnaimh eiticiúla agus inbhuanaitheachta agus acmhainneacht a bhaineann leis an gcumhacht dhigiteach a fháil.

Agus an scoláire rannpháirteach san fhoghlaim sa snáithe seo, forbróidh sé a chumas chun rudaí a anailísiú agus a mheasúnú. Tuigfidh an scoláire an luach atá ar fhiontraíocht agus infhiontraíocht agus beidh tuiscint níos fearr aige ar an ngá le nuálaíocht agus a litearthacht ghnó á forbairt ag an am céanna. Sa staidéar den snáithe seo, cuirfear ar chumas an scoláire plé a dhéanamh agus tuairimí feasacha a chur i láthair ar réimse saincheisteanna tráthúla gnó agus cuirfidh sé a fhoghlaim i bhfeidhm ar eolas ón nuacht agus na meáin.

### Snáithe 2: Torthaí foghlama

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **1. Fiontraíocht sa chiall is coitianta** | |
| • an réimse fáthanna éagsúla chun fiontar a thosú agus an chaoi a bhfuil baint ag fiontraíocht agus nuálaíocht leis an rialtas, leis an tsochaí, gnó, leis an bpobal agus lena shaol féin agus an chaoi a bhfuil siad tábhachtach don mhéid sin freisin. | **1.** samplaí de nuálaíocht, infhiontraíocht agus fiontraíocht a shainaithint ina phobal áitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus an tábhacht le nuálaíocht do ghnó, don gheilleagar agus don tsochaí a mhíniú. |
| • na hinniúlachtaí a thacaíonn le nuálaíocht agus le forbairt fiontair. | **2.** inniúlachtaí* na nuálaithe a shainaithint agus breac-chuntas a thabhairt ar an bhfáth a bhfuil siad suntasach agus gnólacht á thosú. |
| • an ról atá ag rialtas na hÉireann chun tacú le gnólachtaí agus fiontraíocht in Éirinn go háitiúil agus go náisiúnta. | **3.** Iniúchadh a dhéanamh ar ról an rialtais chun fiontraíocht a chothú agus chun tacú le forbairt agus fás gnó. |

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **2. Forbairt smaointe** | |
| • an chaoi a bhforbraítear smaointe gnó | **1.** na gnéithe ag a bhfuil tionchar ar fhorbairt na smaointe gnó a chinneadh. |
| • an suntas a bhaineann le smaointeoireacht deartha* (lena n-áirítear na ceithre chéim chun soiléiriú, idéú, forbairt agus cur i bhfeidhm) chun tacú le forbairt smaointe agus leis an tábhacht le measúnú a dhéanamh ar smaoineamh gnó chun inmharthanacht an ghnólachta amach anseo a fháil amach. | **2.** breac-chuntas a thabhairt ar smaointeoireacht deartha mar chur chuige nuálach maidir le forbairt smaointe agus tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfuil an próiseas atriallach agus go bhfuil sé réiteach-lárnaithe agus duine-lárnaithe araon.<br>**3.** tuiscint a fháil ar an tábhacht le staidéar féidearthachta a reáchtáil chunsmaoineamh gnó a mheasúnú. |
| **3. Pleanáil ghnó** | |
| • an tábhacht le plean gnó soiléir ag céimeanna éagsúla d'fhorbairt gnó agus an chaoi a dtacaíonn sé le bunú, oibríochtaí, maoiniú agus forbairt an ghnólachta, agus an gá chun machnamh a dhéanamh ar na gnéithe eiticiúla agus inbhuanaitheachta. | **1.** tuiscint a fháil ar an tábhacht le plean gnó a bheith agat agus breac-chuntas a thabhairt ar phríomhfheidhmeanna an phlean gnó.<br>**2.** breac-chuntas a thabhairt ar an tábhacht le cúrsaí eitice agus inbhuanaitheachta nuair a bhítear ag pleanáil cúrsaí gnó. |
| • ról na samhlacha gnó* chun ioncam a fháil agus luach a chruthú, a sheachadadh agus a fháil don fhiontar agus dá chustaiméirí araon. | **3.** an méid atá i gceist le samhail ghnó a mhíniú agus tuiscint a fháil ar a ról laistigh den phlean gnó. |
| • an tábhacht leis an tsamhail ghnó agus le gnéithe de chanbhás na samhla gnó*. | **4.** na príomhghnéithe de chanbhás samhla gnó a shainaithint agus breac-chuntas a thabhairt ar ról na samhlacha gnó i bhfiontair ar éirigh leo. |
| • réimse samhlacha gnó lena n-áirítear miondíol, déantúsaíocht, síntiús, gnólacht saincheadúnais agus cleamhnaí. | **5.** na samhlacha gnó is coitianta a shainaithint agus a chur i gcomparáid. |
| • an geilleagar digiteach lena n-áirítearáit an mhargaidh, síntiús, slua-chistiú agus samhlacha lena dtacaíonn fógraíocht, na cosúlachtaí agus difríochtaí nuair a chuirtear iad sin i gcomparáid le samhlacha gnó neamhdhigiteacha, agus an chaoi ar oiriúnaíodh gnólachtaí nó ar forbraíodh iad bunaithe ar an ngeilleagar digiteach agus tiománaithe inmheánacha nó seachtracha eile. | **6.** breac-chuntas a thabhairt ar an gcaoi ar tiománaí athraithe í an teicneolaíocht dhigiteach sa ghnó.<br>**7.** roinnt samhlacha gnó á gcur chun cinn ag teicneolaíocht a shainaithint agus a chur i gcomparáid agus breac-chuntas a thabhairt ar na príomhghnéithe de gach samhail. |

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **4. An spriocmhargadh** | |
| • an cumasc margaíochta agus an tábhacht leis an spriocmhargadh a shainaithint, taighde margaidh a reáchtáil agus margaíocht le haghaidh gnólachta lena n-áirítear táirge/seirbhís, praghsáil, promóisean, daoine, pacáistíocht, próiseas agus áit. | **1.** tuiscint a fháil ar an tábhacht le taighde margaidh chun an spriocmhargadh a shainaithint agus plé a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann gnólachtaí taighde margaidh.<br>**2.** breac-chuntas a thabhairt ar na gnéithe de chumasc margaíochta agus an suntas a bhaineann leo don ghnólacht agus an chaoi a n-imríonn an spriocmhargadh tionchar orthu. |
| • an Ghné Uathúil Dhíolacháin (USP) a shainaithint agus an cumasc margaíochta a mhodhnú | **3.** cumasc margaíochta a fhorbairt le haghaidh táirge agus seirbhís de do rogha féin agus anailís USP a chur ar fáil<br>**4.** bealaí chun feabhas a chur ar chumasc margaíochta reatha a mheasúnú agus a mholadh. |
| • an chaoi a n-athraíonn teicneolaíocht taighde margaidh agus margaíocht. | **5.** tuiscint a léiriú ar an tionchar bunathraitheach* agus ar thionchar bunathraitheach na teicneolaíochta digití ar thaighde margaidh agus ar mhargaíocht. |
| • an tábhacht le cúrsaí eitice agus inbhuanaitheachta i margaíocht lena n-áirítear gnólachtaí margaíochta agus straitéisí margaíochta éagsúla. | **6.** measúnú a dhéanamh ar thionchar na heitice agus na hinbhuanaitheachta ar mhargaíocht. |
| • an réimse féideartha uirlisí anailíseacha chun suim na gcustaiméirí agus an timpeallacht sheachtrach a anailísiú | **7.** greille chumhachta-spéise a úsáid chun suim na gcustaiméirí a anailísiú agus an cumasc margaíochta a chur in oiriúint mar is gá.<br>**8.** anailís STEEPLE* a dhéanamh chun tuiscint níos fearr a fhorbairt ar an timpeallacht sheachtrach agus chun saincheisteanna imní do ghnólacht a shainaithint. |
| **5. Oibríochtaí agus airgeadas** | |
| • na gnéithe de ghné oibríochtúil an ghnólachta lena n-áirítear na príomhpháirtithe a d'fhéadfadh a bheith ag gnólacht, príomhghníomhaíochtaí an ghnólachta agus na príomhacmhainní, agus tuiscint a fháil freisin ar an gcaoi a bhféadfadh na gnéithe seo forbairt le himeacht aimsire. | **1.** breac-chuntas a thabhairt ar na príomhghnéithe atá riachtanach do shamhail oibríochtúil an ghnólachta agus an fáth a bhféadfaidís seo athrú le himeacht ama. |

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • an ghné airgeadais de ghnó lena n-áirítear na príomhchostais a tabhaíodh (costais athraitheacha, costais sheasta) agus na sruthanna féideartha ioncaim (idirbhearta aonair nó díolacháin athfhillteacha) do ghnólacht ar bith, a thuiscint go bhféadfaidís seo forbairt le himeacht aimsire agus go bhféadfadh go mbeadh ar an ngnólacht rudaí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a thagann chun cinn. | **2.** na príomhchostais agus foinsí airgeadais a shainaithint agus an fáth a bhféadfaidís seo athrú le linn shaolré an táirge nó na seirbhíse.<br>**3.** anailísiú a dhéanamh ar shreabhadh airgid gnólachta agus cur chuige a mholadh don ghnólacht chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a thagann chun cinn as an anailís. |
| **6. Fás, forbairt agus méadú** | |
| • an tábhacht le hiomaíocht fhéideartha agus iomaitheoirí féideartha a shainaithint i ngnó agus an suntas a bhaineann le buntáiste iomaíoch gnólachta agus an chaoi ar féidir le gnólacht an leas is fearr a bhaint as seo. | **1.** tuiscint a léiriú ar an tábhacht a bhaineann le hiomaíocht a shainaithint sa mhargadh.<br>**2.** úsáid a bhaint as samhail cúig fhórsa Porter* chun iomaíocht a shainaithint agus a anailísiú sa mhargadh agus na torthaí céanna a úsáid chun an buntáiste iomaíoch atá ag gnólacht a shainaithint. |
| • an chaoi nach bhfuil an fhiontraíocht gan athrú an chaoi a bhféadfadh gnó forbairt agus úsáid a bhaint as teicneolaíocht chun fás | **3.** breac-chuntas a thabhairt ar na straitéisí a chuir gnólacht i bhfeidhm chun é féin a chur in oiriúint nó chun méadú.<br>**4.** tuiscint a fháil ar phoitéinseal na teicneolaíochta chun tacú le hoiriúnú agus méadú. |
| • an tábhacht a bhaineann le buntáistí féideartha agus costais fhéideartha a bhreithniú agus cinntí gnó á ndéanamh | **5.** anailís costais is tairbhe a dhéanamh chun anailísiú a dhéanamh ar an himpleachtaí a bhaineann le méadú gnó. |
| • an chaoi a bhféadfadh go mbeadh ar ghnólacht é féin a chur in oiriúint do thiománaithe seachtracha(lena n-áirítear déimeagrafaic custaiméirí, iomaíocht agus gnéithe eacnamaíochta) nó chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht airgeadais agus an chaoi ar féidir leis an ngnólacht aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna trí mhachnamh a dhéanamh ar a tháirge/ar a sheirbhís, praghsáil, cur chun cinn, daoine, pacáistíocht, próiseas agus áit agus/nó samhail ghnó. | **6.** breac-chuntas a thabhairt ar straitéisí a d'fhéadfadh gnólacht a chur i bhfeidhm le hoiriúint bunaithe ar a chumasc margaíochta agus/nó ar a shamhail ghnó. |

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **7. Riosca a bhainistiú**<br>• an nádúr a bhaineann le riosca laistigh d'fhiontraíocht agus an tábhacht le bainistíocht riosca i ngnó.<br>• réimse straitéisí bainistíochta riosca lena n áirítear seachaint, scaipeadh, cosc agus an tábhacht le táirgí feiliúnacha árachais a roghnú. | **1.** breac-chuntas a thabhairt ar na dúshláin agus na rioscaí a bhaineann le tionscnaíocht agus fiontraíocht.<br>**2.** breac-chuntas a thabhairt ar an tábhacht le measúnú agus bainistiú a dhéanamh ar rioscaí i ngnó.<br>**3.** anailís a dhéanamh ar réimse straitéisí bainistíochta riosca is féidir a úsáid chun freagairt do nadúshláin agus na rioscaí i ngnó. |
| **8. Mo chuid foghlama a chur i bhfeidhm**<br>• an chaoi ar féidir a fhoghlaim i nGnó na hArdteistiméireachta a chur i bhfeidhm ina shaol laethúil agus an chaoi ar féidir leis cuidiú leis tuiscint a fháil ar scéalta gnó sna meáin. | **1.** anailísiú a dhéanamh ar eolas ón nuacht agus ó na meáin faoi fhiontraíocht agus nuálaíocht agus tuairim fheasach nó dearcadh feasach a chur ar fáil. |

## Snáithe 3: A bheith i gceannas i ngnó

Déantar iniúchadh sa snáithe seo ar bheith i gceannas i ngnó agus gnó a bhainistiú agusforbraíonn an scoláire tuiscint ar fhorbairt rathúil gnólachta, le linn dóibh a bheith ag aithint an tsuntais a bhaineann le meastacháin eiticiúla chultúrtha in áiteanna oibre atá ag éirí níos éagsúla i gcónaí.

Sa snáithe seo, déantar iniúchadh ar chuir chuige maidir le hearcaíocht, roghnúchán agus breithmheas agus bíonn an deis ag an scoláire machnamh a dhéanamh ar thionchar na teicneolaíochta digití agus chun luach an chaipitil dhaonna agus na forbartha gairmiúla a aithint san áit oibre. Déantar machnamh ar an suntas a bhaineann le cultúr eagraíochtúil sa snáithe seo, agus bíonn an deis ag an scoláire machnamh a dhéanamh ar na deiseanna agus ar na dúshláin a bhaineann leis na bealaí nua oibre agus chun tuiscint a fháil ar an tábhacht le díriú ar fholláine na mball foirne.

Is príomhghné í cumarsáid éifeachtach d'eagraíochtaí rathúla agus sa snáithe seo,déanann an scoláire iniúchadh ar mhodhanna éagsúla cumarsáide. D'fhéadfadh easpa cumarsáide éifeachtaí cur le coimhlint san áit oibre agus bíonn an deis ag an scoláire machnamh a dhéanamh ar na cúiseanna le coimhlint, le linn dóibh a bheith ag déanamh iniúchadh ar an gcaoi is fearr chun aghaidh a thabhairt ar choimhlint dá sórt.

Sa saol dinimiciúil gnó, tá sé riachtanach do na heagraíochtaí a bheith in ann athrú a bhainistiú agus a bheith in ann pleanáil do chúinsí nach raibh súil leo. Sa snáithe seo, foghlaimíonn an scoláire faoin tábhacht le pleanáil le haghaidh athrú in eagraíocht, le linn dó a bheith ag forbairt tuisceana ar na fáthanna atá mar bhonn faoi chur in aghaidh athraithe. Déantar iniúchadh ar an tábhacht le pleanáil teagmhais freisin, agus aithneoidh an scoláire an gá le bainistíocht géarchéime éifeachtach.

Trí pháirt a ghlacadh san fhoghlaim seo, forbróidh an scoláire a chumas imscrúdú, anailís, meastóireacht agus nuáil a dhéanamh, gheobhaidh léirthuiscint ar an bpríomhról atá ag ceannairí agus bainisteoirí éifeachtacha i saol dinimiciúil an ghnó. Beidh feasacht mhéadaithe ag an scoláire ar shaincheisteanna eiticiúla agus cultúrtha, ar an suntas a bhaineann le teicneolaíocht dhigiteach agus nuálaíocht agus beidh tuiscint níos fearr aige ar an áit oibre agus ar chleachtais oibre sa 21ú haois.

### Snáithe 3: Torthaí foghlama

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **1. Eagraíocht a stiúradh agus a bhainistiú**<br>• ról na gceannairí agus na mbainisteoirí in eagraíochtaí<br>• an suntas a bhaineann le cultúr eagraíochtúil agus cur chuige nuálach a chur i bhfeidhm laistigh d'eagraíochtaí.<br>• an chaoi a n-imríonn stíleanna ceannaireachta tionchar ar eagraíochtaí | **1.** idirdhealú a dhéanamh idir ceannaireacht agus bainistíocht in eagraíochtaí<br>**2.** anailísiú a dhéanamh ar an suntas a bhaineann le cultúr agus nuálaíocht eagraíochtúil in eagraíochtaí rathúla.<br>**3.** breac-chuntas a thabhairt ar an gcaoi a gcothaíonn stíleanna ceannaireachta cultúr eagraíochtúil agus nuálaíocht eagraíochtúil. |

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • na fáthanna a bhféadfadh coimhlint teacht chun cinn san áit oibre agus an chaoi a n imríonn sí tionchar ar an áit oibre, cuir chuige éagsúla maidir le coimhlint a réiteach, réiteach agus eadráin mar chuir chuige sheachtracha maidir le coimhlint a réiteach. | **4.** léirthuiscint a fháil ar an réimse cúiseanna le coimhlint san áit oibre agus tuiscint a léiriú ar an gcaoi a bhféadfadh coimhlint tionchar a imirt ar an áit oibre.<br>**5.** anailísiú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh fostaithe agus fostóirí aghaidh a thabhairt ar choimhlint go hinmheánach.<br>**6.** breac-chuntas a thabhairt ar roinnt cur chuige éagsúil maidir le réiteach coimhlinte. |
| **2. A bheith i gceannas agus daoine a bhainistiú** | |
| • an réimse gnéithe a imríonn tionchar ar fhórsa saothair a phleanáil in eagraíocht, na príomhchéimeanna in earcaíocht lena n-áirítear aitheantas, cur i bhfeidhm agus roghnúchán, suntas na heitice i bpleanáil an fhórsa saothair (lena n-áirítear comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú), | **1.** plé a dhéanamh ar na rudaí inmheánacha agus seachtracha ag a bhfuil tionchar ar fhórsa saothair a phleanáil.<br>**2.** breac-chuntas a thabhairt ar na príomhchéimeanna sa phróiseas earcaíochta agus moladh a chur ar fáil maidir leis an gcaoi a bhféadfadh eagraíochtaí cuir chuige eiticiúla a chur i bhfeidhm in earcaíocht. |
| • an chaoi a n-athraíonn forbairtí digiteacha an próiseas earcaíochta agus roghnaithe | **3.** measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag na teicneolaíochtaí digiteacha ar phróiseas na hearcaíochta agus an roghnaithe. |
| • spreagadh agus an tábhacht le breithmheas san áit oibre agus an chaoi a bhféadfadh eagraíochtaí cuir chuige éagsúla a úsáid maidir le breithmheas lena n-áirítear féinmheasúnú, breithmheas múnlaitheach agus suimitheach agus an cur chuige 360 céim chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na bhfostaithe agus chun fostaithe a spreagadh. | **4.** iniúchadh a dhéanamh ar na gnéithe ag a bhfuil tionchar ar spreagadh na bhfostaithe.<br>**5.** cur síos a dhéanamh ar a bhfuil i gceist le breithmheas fostaithe.<br>**6.** roinnt cur chuige a shainaithint maidir le breithmheas agus anailísiú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh na cuir chuige seo tionchar a imirt ar spreagadh na bhfostaithe. |
| • an suntas a bhaineann le caipiteal daonna* a bhainistiú, ionduchtú, oiliúint agus forbairt ghairmiúil d’eagraíochtaí agus fostaithe agus an chaoi ar féidir le fostaithe foghlaim óna n-eispéiris. | **7.** an méid atá i gceist le bainistiú caipitil daonna a mhíniú agus breac-chuntas a thabhairt ar an gcaoi ar gné í timpeallacht eagraíochtúil maidir lena fhorbairt.<br>**8.** iniúchadh a dhéanamh ar na cineálacha éagsúla oiliúna agus forbartha gairmiúla a d’fhéadfaí a chur ar fáil d’fhostaithe agus breac-chuntas a thabhairt ar an bhfáth ar gné thábhachtach iad oiliúint leanúnach agus forbairt ghairmiúil de bhainistiú caipitil daonna. |
| • obair foirne agus an chaoi a n imríonn comhoibriú tionchar ar an bhfostaí agus ar an eagraíocht | **9.** léirthuiscint a fháil ar na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le bheith ag obair i bhfoirne do na fostaithe agus do na fostóirí. |

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • an chaoi ar féidir le fostóirí agus fostaithe araon ionchur a bheith acu le háit hoibre níos inbhuanaithe a bhaint amach | **10.** breac-chuntas a thabhairt ar an gcaoi ar féidir le fostaithe agus fostóirí oibriú le chéile chun áit oibre níos inbhuanaithe a chruthú. |
| • an tionchar bunathraitheach atá ag teicneolaíocht dhigiteach agus béim a leagan ar an gcaoi a bhfuil tionchar ag na bealaí éagsúla oibre, lena n-áirítear cianobair agus obair mheasctha ar na fostóirí, ar na fostaithe agus ar shaol na hoibre. | **11.** iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann an teicneolaíocht dhigiteach i bhfeidhm ar an áit oibre.<br>**12.** na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le socruithe cianoibre agus oibre measctha do na fostaithe agus do na fostóirí a shainaithint.<br>**13.** anailísiú a dhéanamh ar na ceisteanna eiticiúla agus inbhuanaitheachta a bhaineann le cianobair agus le hobair mheasctha. |
| • an tábhacht le fócas a choinneáil ar fholláine san áit oibre agus ar phríomhról an cheannaire chun folláine chorparáideach a chothú. | **14.** breac-chuntas a thabhairt ar an tábhacht atá le folláine chorparáideach* agus iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar atá ag folláine chorparáideach ar spreagadh na bhfostaithe agus ar an gcultúr eagraíochtúil.<br>**15.** ról na ceannaireachta a shainaithint maidir le folláine chorparáideach a chur chun cinn. |
| **3. An tábhacht a bhaineann le cumarsáid** | |
| • an suntas a bhaineann le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh in eagraíocht, lena n-áirítear tacú le comhoibriú, coinbhleacht a sheachaint, rannpháirteachas a mhéadú, cultúr dearfach a chur chun cinn, athrú a bhainistiú, agus nuálaíocht a chur chun cinn | **1.** míniú a thabhairt ar thábhacht na cumarsáide in eagraíocht |
| • na paraiméadair maidir le modhanna éagsúla cumarsáide (ó bhéal agus neamhbhriathartha) agus tionchar na teicneolaíochta ar chumarsáid (lena n-áirítear modhanna, luas, costas, rochtain, comhoibriú, cleachtais ghnó inbhuanaithe, táirgiúlacht agus slándáil) | **2.** modhanna éagsúla cumarsáide a shainaithint agus anailísiú a dhéanamh ar éifeachtúlacht gach modha mar chur chuige laistigh d'eagraíocht.<br>**3.** plé a dhéanamh ar an gcaoi a gcumasaíonn teicneolaíocht cumarsáid in eagraíochtaí. |
| • an chaoi le cumarsáid a fheabhsú (lena n-áirítear spriocanna soiléire a leagan síos, éisteacht go gníomhach, rannpháirteachas leanúnach a chinntiú, agus an modh cumarsáide ceart a roghnú) | **4.** plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí cumarsáid a fheabhsú in eagraíocht. |

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **4. An réasúnaíocht le haghaidh pleanála** | |
| • na hathruithe inmheánacha agus seachtracha ag a bhfuil tionchar ar eagraíocht, an chaoi a bhféadfadh cur in aghaidh athruithe teacht chun cinn agus an chaoi chun nuálaíocht a chothú agus chun aghaidh a thabhairt ar chur in aghaidh athruithe. | **1.** breac-chuntas a thabhairt ar na hathruithe inmheánacha agus seachtracha a thagann chun cinn d'eagraíochtaí le linn a saolré.<br>**2.** anailísiú a dhéanamh ar na cúiseanna le cur in aghaidh athruithe in eagraíocht.<br>**3.** na cleachtais a chuireann nuálaíocht agus smaointeoireacht fhiontraíoch/infhiontraíoch chun cinn a shainaithint.<br>**4.** breac-chuntas a thabhairt ar réimse cur chuige a d'fhéadfadh a bheith ina gcabhair chun cur i gcoinne athruithe a shárú. |
| • an suntas a bhaineann le pleanáil straitéiseach mar phróiseas leanúnach in eagraíocht, an chaoi a dtacaíonn sí le hathrú a stiúradh agus a bhainistiú in eagraíocht agus an chaoi ar féidir anailís réimse fórsa a úsáid chun tacú le cinnteoireacht straitéiseach. | **5.** breac-chuntas a thabhairt ar an méid atá i gceist le pleanáil straitéiseach agus léirthuiscint a fháil ar an tábhacht le pleanáil straitéiseach mar phróiseas leanúnach.<br>**6.** cur síos a dhéanamh ar an tairbhe a bhaineann le pleanáil straitéiseach d'eagraíocht.<br>**7.** míniú a thabhairt ar an tábhacht le pleanáil le haghaidh athrú agus plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh anailís réimse fórsa* tacú le pleanáil straitéiseach a dhéanamh le aghaidh athrú in eagraíocht. |
| • an tábhacht le pleanáil teagmhais le haghaidh bainistíocht géarchéime éifeachtach a d'fhéadfadh teacht chun cinn go háitiúil nó go náisiúnta, agus an gá le machnamh a dhéanamh ar réimse gnéithe lena n-áirítear costas, am agus riosca agus plean teagmhais á fhorbairt. | **8.** an méid atá i gceist le pleanáil teagmhais a mhíniú maidir le bainistíocht géarchéime in eagraíocht.<br>**9.** plé a dhéanamh ar na gnéithe ba cheart a chur san áireamh agus plean teagmhais á fhorbairt. |
| **5. Mo chuid foghlama a chur i bhfeidhm** | |
| • an chaoi ar féidir a fhoghlaim i nGnó na hArdteistiméireachta a chur i bhfeidhm ina shaol laethúil agus an chaoi ar féidir leis cuidiú leis tuiscint a fháil ar scéalta gnó sna meáin. | **1.** anailísiú a dhéanamh ar eolas ón nuacht agus ó na meáin a bhaineann le ceannaireacht sa ghnó agus tuairim nó dearcadh feasach a chur ar fáil. |

## Snáithe 4: A Bheith Eolach agus Cinntí Eolasacha a Dhéanamh

De réir mar a théann an scoláire isteach sa tsraith shinsearach tá siad ag ullmhú don saol i ndiaidh na scoile. Sa snáithe seo forbróidh an scoláire an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a bhaineann le cinntí eolasacha a dhéanamh go háirithe sna réimsí ag a bhfuil tionchar ar a shaol féin.

Déanfaidh sé machnamh ar a ról agus ar a shaineolas mar chustaiméirí agus beidh sé in ann a chearta agus a fhreagrachtaí a shainaithint atá cumhdaithe sa reachtaíocht chuí agus cuirfidh sé téamaí eitice trasghearrtha agus inbhuanaitheachta i bhfeidhm le linn dó a bheith ag déanamh machnamh ar a ról mar thomhaltóir. Beidh an deis acu freisin machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar imir teicneolaíocht dhigiteach tionchar ar rogha an tomhaltóra.

Agus iad ag ullmhú don saol aosach, tacóidh an fhoghlaim sa snáithe seo le scoláirí an cumas a fhorbairt chun cinntí eolasacha airgeadais a dhéanamh agus tuiscint a bheith acu freisin ar an gcaoi a rialaítear an margadh airgeadais agus ar an tionchar a bhíonn ag an teicneolaíocht ar sheirbhísí airgeadais trí theicneolaíocht an airgeadais. Beidh an deis ag an scoláire freisin foghlaim faoin áit oibre agus a chearta agus a fhreagrachtaí a fháil amach mar fhostaí agus an chaoi a dtéann cinntí an rialtais i bhfeidhm ar oibrithe.

Trí pháirt a ghlacadh san fhoghlaim seo gheobhaidh an scoláire léirthuiscint ar an ngá le cinntí eolasacha a dhéanamh mar thomhaltóirí, agus cinntí airgeadais á ndéanamh aige san áit oibre. Beidh feasacht níos fearr ag an scoláire ar chúrsaí eitice agus inbhuanaitheachta agus ar an suntas a bhaineann le dul chun cinn i dteicneolaíocht agus beidh sé in ann a fhoghlaim a úsáid chun plé a dhéanamh ar scéalta ábhartha nuachta sna meáin.

### Snáithe 4: Torthaí foghlama

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **1. Cinntí eolasacha a dhéanamh mar thomhaltóir** | |
| • an chaoi a leagtar amach cearta agus freagrachtaí i bpíosaí éagsúla reachtaíochta ar cheart do thomhaltóirí a bheith eolach fúthu maidir le táirgí, seirbhísí agus seirbhísí digiteacha agus maidir lena gcur chun cinn, agus an chaoi a n-athraíonn na cearta sin agus iad ag ceannach earraí lasmuigh den AE | **1.** iniúchadh a dhéanamh ar chearta agus freagrachtaí na dtomhaltóirí trí úsáid a bhaint as an reachtaíocht ábhartha reatha do thomhaltóirí[2] |
| • tábhacht na heitice agus na hinbhuanaitheachta agus na hiarmhairtí a bhaineann le rannpháirtíocht i scáthgheilleagar don tomhaltóir, don ghnó agus don gheilleagar san áireamh agus an chaoi a gcuireann tomhaltóirí leis an ngeilleagar ciorclach*. | **2.** an chaoi a bhféadfadh imní eiticiúil agus inbhuanaitheachta eolas a dhéanamh d'iompraíocht tomhaltóirí a léiriú. |

[2] Tá iallach ar an scoláire a bheith ag plé le reachtaíocht reatha lena chinntiú go ndéanfaidh siad iniúchadh ar eolas ábhartha de bharr go mbaineann sé le cleachtas gnó reatha. Sa chás go n-athraíonn reachtaíocht ábhartha le linn an dá bhliain de staidéar, tá sé de rogha ag an scoláire a bheith ag plé leis an mbeartas reatha nó leis an reachtaíocht nua.

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
| --- | --- |
| • an chaoi a n-imríonn an teicneolaíocht tionchar dearfach agus diúltach araon ar thomhaltóirí<br>• an chaoi a soláthraíonn rialachán Eorpach cosaint do shonraí pearsanta<br>• an chaoi ar féidir a fhoghlaim i nGnó na hArdteistiméireachta a chur i bhfeidhm ina shaol laethúil agus an chaoi ar féidir leis cuidiú leis tuiscint a fháil ar scéalta gnó sna meáin. | **3.** iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag teicneolaíocht dhigiteach ar iompraíocht tomhaltóirí<br>**4.** iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a gcosnaíonn rialachán Eorpach sonraí pearsanta<br>**5.** tuiscint a bheith aige ar an tábhacht a bhaineann le cinntí eolasacha tomhaltóirí agus an tuiscint seo a úsáid chun scéalta a bhaineann le tomhaltóirí a phlé sa nuacht agus sna meáin |
| **2. Cinntí airgeadais eolacha a dhéanamh** | |
| • an tábhacht a bhaineann le cinnteoireacht eolach maidir le coigilt agus infheistíocht, machnamh a dhéanamh ar ghnéithe de sin lena n-áirítear boilsciú, riosca, rátaí úis, cúrsaí cánach agus táillí agus toradh ar infheistíocht gearrthéarmach/meántéarmach agus fadtéarmach. | **1.** scrúdú a dhéanamh ar na tosca le cuimhneamh orthu maidir le coigilt, infheistiú, agus iasacht a fháil |
| • an tábhacht a bhaineann le hanailís a dhéanamh ar rioscaí féideartha agus táirgí/seirbhísíairgeadais á bhfáil agus an fáth ar cheart do thomhaltóirí smaoineamh ar athrú idir soláthraithe táirgí | **2.** caoinfhulaingt riosca a mhíniú ó thaobh tomhaltóirí de agus iniúchadh a dhéanamh ar an réimse rioscaí atá roimh thomhaltóirí a cheannaíonn táirgí airgeadais agus an chaoi ar féidir le custaiméirí foinsí eolais iontaofa faoi airgeadas a shainaithint<br>**3.** breac-chuntas a thabhairt ar a thábhachtaí atá sé smaoineamh ar athrú idir soláthraithe táirgí airgeadais |
| • deiseanna agus dúshláin theicneolaíocht an airgeadais* do thomhaltóirí | **4.** míniú a thabhairt ar an tionchar a bhíonn ag an teicneolaíocht ar sholáthar táirgí airgeadais agus breac-chuntas a thabhairt ar na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann le teicneolaíocht an airgeadais |
| • na critéir a úsáidtear chun fiúntas creidmheasa agus rátáil chreidmheasa a fháil amach, an méid atá in ann drochrátáil chreidmheasa a chruthú agus an chaoi a leanann rátáil chreidmheasa duine é féin le himeacht aimsire. | **5.** an chaoi a mbunaítear rátáil chreidmheasa duine a leagan amach, na gnéithe ag a bhfuil tionchar ar rátáil chreidmheasa, agus na hiarmhairtí a bhaineann le drochrátáil chreidmheasa. |
| • rialú an mhargaidh táirgí airgeadais de chuid rialtas na hÉireann agus an AE agus an chaoi chun riosca a bhainistiú lena n-áirítear iad sin a bhaineann le pinsin, morgáistí, táirgí bunaithe ar chreidmheas agus criptea-airgeadas. | **6.** imscrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a rialaítear an tionscal seirbhísí airgeadais agus iarmhairtí féideartha an tearcrialaithe a phlé.<br>**7.** breac-chuntas a thabhairt ar réimse gníomhaíochtaí calaoise airgeadais agus plé a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le tomhaltóirí iad féin a chosaint. |

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
| --- | --- |
| • na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le hAirgeadra Digiteach an Bhainc Ceannais (CBDC)* mar rogha eile ar airgead tirim, agus an chaoi a bhfuil sé éagsúil ó chripteamhona cobhsaí agus cripteashócmhainní.<br>• an chaoi ar féidir a fhoghlaim i nGnó na hArdteistiméireachta a chur i bhfeidhm ina shaol laethúil agus an chaoi ar féidir leis cuidiú leis tuiscint a fháil ar scéalta gnó sna meáin. | **8.** cur síos a dhéanamh ar Airgeadra Digiteach an Bhainc Ceannais agus scrúdú a dhéanamh ar thionchar féideartha an airgeadra dhigitigh ar thomhaltóirí agus ar ghnólachtaí.<br>**9.** tuiscint a bheith aige ar an tábhacht a bhaineann le cinntí eolasacha airgeadais agus an tuiscint seo a úsáid chun scéalta a bhaineann le hairgeadas a phlé sa nuacht agus sna meáin |
| **3. A bheith i d'fhostaí eolach**<br>• cearta agus freagrachtaí fostaithe atá leagtha amach i bpíosaí éagsúla reachtaíochta (lena n-áirítear pá, coinníollacha, sláinte agus sábháilteacht, idirdhealú, slándáil fostaíochta agus dífhostú) agus an chaoi a bhfuil cosaint reachtach agus neamhreachtach araon ag fostaithe<br>• feidhm na gceardchumann maidir le tacú le fostaithe san áit oibre<br>• an tionchar atá ag poist féinfhostaithe ar éileamh ina n-íoctar oibrithe 'ina aghaidh an phíosa' ar fhostaithe<br>• an chaoi gur féidir le cinntí rialtais tionchar a bheith acu orthu siúd atá fostaithe<br>• an chaoi ar féidir a fhoghlaim i nGnó na hArdteistiméireachta a chur i bhfeidhm ina shaol laethúil agus an chaoi ar féidir leis cuidiú leis tuiscint a fháil ar scéalta gnó sna meáin. | **1.** iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a gcosnaítear fostaithe maidir leis an reachtaíocht agus dá huireasa san áit oibre.<br>**2.** iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a leagtar amach cearta agus freagrachtaí na bhfostaithe agus na bhfostóirí i reachtaíocht fostaíochta reatha ábhartha.[3]<br>**3.** cur síos a dhéanamh ar ról na gceardchumann san áit oibre.<br>**4.** plé a dhéanamh ar theacht chun cinn an gheilleagair poistíneachta* agus deiseanna gaolmhara agus dúshláin na n-oibrithe a shainaithint.<br>**5.** iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil tionchar ag an mbuiséad rialtais bliantúil ar oibrithe.<br>**6.** tuiscint a bheith aige ar an tábhacht a bhaineann le cinntí eolasacha a dhéanamh mar fhostaí agus an tuiscint seo a úsáid chun scéalta a bhaineann leis an áit oibre a phlé sa nuacht agus sna meáin |

[3] Tá iallach ar an scoláire a bheith ag plé le reachtaíocht reatha lena chinntiú go ndéanfaidh siad iniúchadh ar eolas ábhartha de bharr go mbaineann sé le cleachtas gnó reatha. Sa chás go n-athraíonn reachtaíocht ábhartha le linn an dá bhliain de staidéar, tá sé de rogha ag an scoláire a bheith ag plé leis an mbeartas reatha nó leis an reachtaíocht nua.

# Teagasc ar fhoghlaim an scoláire

Is iad na torthaí foghlama atá leagtha amach sa tsonraíocht seo a thacaíonn le húsáid a bhaint as réimse cur chuige i leith an teagaisc agus na foghlama. Cuirtear an scoláire i lár na foghlama sa tsonraíocht seo agus leagtar béim ar an tábhacht le rannpháirtíocht i ngnó san fhíorshaol. De réir mar a théann an scoláire chun cinn ina fhoghlaim, forbróidh sé réimse príomhinniúlachtaí is féidir a úsáid i dtascanna agus in ábhair éagsúla, rud a ligfidh dó naisc a dhéanamh idir Gnó na hArdteistiméireachta, ábhair eile, agus saol dinimiciúil an ghnó agus a shaol laethúil. Trína bheith rannpháirteach i bplé agus in obair ghrúpa, forbróidh an scoláire scileanna i ndíospóireachtaí réasúnta, é ag éisteacht lena chomhscoláirí agus ag déanamh machnamh ar a chuid oibre féin agus ar obair a chomhscoláirí.

Is gnéithe tábhachtacha de theagasc agus foghlaim i nGnó na hArdteistiméireachta iad; deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht an scoláire sa snáithe aontach, Gnó a Iniúchadh, ar fud dhá bhliain de staidéar. Agus na múinteoirí ag pleanáil, is féidir leo roinnt mhaith deiseanna a chur ar fáil don scoláire chun páirt a ghlacadh i saincheisteanna ábhartha agus an fhoghlaim atá leagtha amach sa snáithe aontach a chur i bhfeidhm ar fud na gceithre shnáithe chomhthéacsúla. Déanann sé leas don scoláire á thabhairt aghaidh ar an bpróiseas go forbarthach le rochtain rialta acu ar na saincheisteanna céanna, i gcomhthéacsanna éagsúla in imeacht ama.

Chomh maith leis sin, ba cheart don scoláire páirt a ghlacadh i saol an ghnó trí mhachnamh a dhéanamh ar a thuiscint féin agus ar dhearcthaí eile ar fhorbairtí gnó trí thuarascálacha nuachta agus ar nithe sna meáin. D'fhéadfaí tacú leis seo trí fhillteán á choinneáil ag an scoláire ar fud dhá bhliain de staidéar ina gcoinneoidís bailiúchán eolais ó na meáin agus ó fhoinsí cuí eile ar a ndéanfaidís machnamh agus a fhoghlaim sa seomra ranga gnó a chur san áireamh mar aon lena thaithí féin i saol an ghnó. Cé nach ndéanfar measúnú foirmeálta ar an méid seo, má fhorbraítear fillteán imscrúdaitheach, tacóidh sé sin leis an scoláire a fhoghlaim a chur i bhfeidhm i bhfíorshaol an ghnó agus chun dearcthaí eolacha a fhorbairt, agus chun acmhainní a bhailiú a bhféadfaidís úsáid a bhaint astu agus iad ag críochnú a gcuid CMB.

Beidh sé de dheis ag an scoláire, trí na téamaí trasghearrtha, machnamh a dhéanamh ar shaol an ghnó agus ar a thrasnú le cúrsaí eitice, inbhuanaitheachta, gnó agus litearthachta gnó, rudaí ar fad a bhaineann le saol an ghnó agus a imríonn tionchar ar ár saol laethúil. Forbróidh sé tuiscint ar nádúr claochlaitheach na teicneolaíochta digití chomh maith le tuiscint ar an bhféidearthacht de smaointeoireacht agus nuálaíocht fhiontraíoch. Foghlaimeoidh an scoláire cén chaoi chun eolas a anailísiú agus a mheasúnú agus foghlaimeoidh sé cén chaoi chun é seo a úsáid chun cinntí eolacha a dhéanamh agus chun tacú lena dhearcadh féin.

Is scil thábhachtach i saol an ghnó é an cumas a bheith ag obair go comhoibríoch. Foghlaimíonn scoláirí faoi obair foirne i Snáithe 3 go háirithe agus ba cheart deiseanna a thabhairt dóibh dul i mbun obair ghrúpa sa seomra ranga Gnó, lena n-áirítear deiseanna chun a ndearcthaí a phlé agus a roinnt.

Mar gheall ar a éagsúla agus a bheidh na gníomhaíochtaí foghlama a dtabharfaidh an scoláire fúthu, cuirfear ar a chumas dul i gceannas ar a chuid foghlama féin trí spriocanna a leagan síos, láidreachtaí agus réimsí feabhsúcháin a aithint agus aiseolas a fháil agus freagairt dó. Beidh méideanna éagsúla tacaíochta de dhíth ar an scoláire le bheith rathúil agus spriocanna a bhaint amach i nGnó na hArdteistiméireachta. Cabhraítear leis an ionchuimsitheacht a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as roinnt cur chuige, mar shampla leibhéal na scileanna a theastaíonn a athrú, méid agus cineál idirghabháil an mhúinteora a athrú, agus luas agus ord na foghlama a athrú.

D'fhéadfadh go mbeadh ról ag úsáid na teicneolaíochta digití sa seomra ranga chun feabhas a chur ar fhoghlaim, ar theagasc agus ar mheasúnú agus is féidir leis an teicneolaíocht a bheith cabhrach chun feabhas a chur ar dheiseanna don scoláire chun a phríomhinniúlachtaí a fhorbairt. Agus an scoláire ag

déanamh staidéar ar Ghnó na hArdteistiméireachta d'fhéadfadh go mbeadh deiseanna aige úsáid a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun sonraí agus faisnéis a bhailiú, a anailísiú agus a chur i láthair, scileanna taighde feabhsaithe a fhorbairt agus iad seo a chur i bhfeidhm go praiticiúil, éirí ina bhfoghlaimeoirí níos neamhspleáiche trí thacaíochtaí digiteacha agus ar líne iomchuí a úsáid, agus dul i ngleic le gnó san fhíorshaol.

## Measúnú

Baineann measúnú sa tsraith shinsearach le faisnéis faoi phróisis agus faoi thorthaí foghlama a bhailiú, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Tá foirmeacha éagsúla measúnaithe ann agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Baintear úsáid as measúnú chun an tslí chuí a aimsiú don scoláire trí churaclam éagsúil, chun sainréimsí láidreachta nó deacrachta scoláire áirithe a shainaithint agus chun gnóthachtáil a thástáil agus a theistiú. Is tacaíocht don fhoghlaim é an measúnú agus cuireann sé chun feabhais í trí chabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainaithint.

Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim an scoláire agus soláthróidh siad faisnéis don mhúinteoir agus don scoláire atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais an fhoghlaimeora aonair. De thoradh tascanna atá cuí agus mealltach a leagan síos, ceisteanna a chur agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an fhoghlaimeora chun cinn, tacóidh an measúnú leis an bhfoghlaim agus leis an dul chun cinn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt phríomhinniúlachtaí an scoláire agus coimriú a thabhairt ar an ngnóthachtáil.

## Measúnú don teistiúchán

Tá an measúnú le haghaidh teistiúcháin bunaithe ar an réasúnaíocht, ar chuspóirí agus ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo. Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe: scrúdú scríofa agus Comhpháirt Mheasúnaithe Bhreise (CMB) ina bhfuil Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo. Beidh an scrúdú scríofa ar ghnáthleibhéal agus ar ardleibhéal. Bunófar Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo ar threoir chomónta. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a dhéanfaidh gach comhpháirt a leagan amach agus a scrúdú.

I ndáil leis an scrúdú scríofa, déanfar Gnó na hArdteistiméireachta a mheasúnú ar dhá leibhéal – Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal mar atá leagtha amach i dTábla 1 ar leathanach 12. Éileoidh na ceisteanna scrúdaithe go léireoidh an scoláire foghlaim atá cuí do gach leibhéal. Beidh idirdhealú le sonrú sa mheasúnú freisin tríd an ábhar spreagthach a úsáidtear, agus trí mhéid na tacaíochta struchtúrtha a thugtar don scoláire atá i mbun scrúdaithe ag gach leibhéal.

| Comhpháirt measúnaithe | Ualú | Leibhéal |
|---|---|---|
| Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo. | 40% | Treoir Chomónta |
| Scrúdú scríofa | 60% | Scrúdpháipéir ardleibhéil agus ghnáthleibhéil |

Tábla 2: Achoimre an mheasúnaithe i gcomhair teistiúcháin

## Comhpháirt Mheasúnaithe Bhreise: Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo


Cuirtear deis ar fáil don scoláire sa Chomhpháirt Mheasúnaithe Bhreise (CMB) i nGnó na hArdteistiméireachta a fhoghlaim a léiriú ar fud an chúrsa, agus an fhoghlaim atá leagtha amach sa snáithe aontach a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs ceann nó níos mó de na snáitheanna comhthéacsúla agus/nó de na téamaí trasghearrtha. Cuimsítear leis, scoláire ag cur Staidéar Imscrúdaitheach i gcrích agus tá sé beartaithe go dtógfaidh an CMB suas le 20 uair lena chríochnú. Beidh ar an scoláire sa Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo, a inniúlacht a léiriú chun taighde a dhéanamh, a anailísiú agus a mheasúnú ar shaincheist ar leith, ach úsáid a bhaint as réimse foinsí agus machnamh a dhéanamh ar réimse dearcthaí, le linn dó úsáid a bhaint as a rannpháirtíocht leanúnach i saol an ghnó. Táthar ag súil go gcuirfidh an scoláire dearcadh/dearcthaí, táta(i) l agus/nó moladh/moltaí ar fáil ag deireadh an staidéir. Tá sé i gceist ag na Tuairisceoirí Cáilíochta ar leathanach 34–35 léargas a thabhairt ar na hionchais ghinearálta don scoláire a chríochnaíonn an CMB.

Díreoidh an Staidéar Imscrúdaitheach ar fhoghlaim an scoláire ar fud shonraíocht Ghnó na hArdteistiméireachta. Is é nádúr na treorach a bhainfidh leas as poitéinseal an Staidéir Imscrúdaithigh ionas go mbeidh sé spreagúil agus ábhartha don scoláire agus seans go gcuirfidh sé ar chumas an scoláire iniúchadh a dhéanamh ar ghné den ghnó a bhaineann lena spéiseanna féin nó lena chomhthéacs féin trí dheis a chur ar fáil chun ceist taighde a fhorbairt chun tacú le tuilleadh iniúchadh agus le hiniúchadh níos doimhne. Eiseoidh CSS an treoir don staidéar gach bliain i dtéarma a dó den 5ú bliain agus leagfaidh an CSS amach na riachtanais do scoláirí.

### Cabhróidh an treoir seo

- le scoláirí machnamh a dhéanamh ar réimsí a bhaineann le téama na treorach agus d'fhéadfadh sé gur mian leo tuilleadh iniúchta a dhéanamh orthu
- le tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim
- le scoláirí, nó d'fhéadfadh sí cabhrú leo acmhainní a bhailiú a bhféadfaidh siad leas a bhaint astu agus iad ag críochnú a gcuid CMB.

Mar chuid dá staidéar, déanfaidh an scoláire tuarascáil a chuirfear isteach go digiteach i rith an 6ú bliain chuig an CSS i bhformáid a shonraíonn an CSS. Tá forbhreathnú ar na hamlínte don Staidéar Imscrúdaitheach ar fáil i bhFíor 4 thíos.




Fíor 4: Amlínte do Staidéar Imscrúdaitheach

Tugann doiciméad ar leith, Treoirlínte chun Tacú leis an Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo, treoir maidir le raon ábhar a bhaineann le heagrú, cur i bhfeidhm agus maoirseacht an CMB.

Dearadh an Staidéar Imscrúdaitheach chun deiseanna praiticiúla a thabhairt don scoláire a chuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta a chur i bhfeidhm chun machnamh a dhéanamh ar na téamaí trasghearrtha, agus a scileanna bainistíochta tionscadail a chur i bhfeidhm. Beidh an deis ag an scoláire na príomhinniúlachtaí a d'fhorbair sé a chur i bhfeidhm trína bheith gníomhach i nGnó na hArdteistiméireachta amhail; a bheith cruthaitheach, smaoineamh go

criticiúil agus fadhbanna a réiteach, foghlaim agus féinfhoghlaim agus cumarsáid a dhéanamh le linn dóibh a bheith rannpháirteach sa chuid seo. D'fhéadfadh rannpháirtíocht leis an gcuid seo gnéithe a bhfuil suim ag an scoláire iontu de shaol dinimiciúil an ghnó a thabhairt chun solais, tacóidh sé seo leis an scoláire chun ábharthacht an ghnó lena shaol agus leis an tsochaí a fheiceáil, agus d'fhéadfadh sé conairí slite beatha féideartha a thabhairt chun solais.

## Tuairisceoirí cáilíochta don Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo

Baineann na tuairisceoirí thíos leis an bhfoghlaim a bhain an scoláire amach sa Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo. Go háirithe, éilíonn an fiosrúchán go ndéanfaidh an scoláire an méid seo a leanas:

- a staidéar imscrúdaitheach a phleanáil, a scileanna bainistithe tionscadal a chur i bhfeidhm, agus a léiriú chomh maith lena inniúlacht chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn.
- iniúchadh a dhéanamh ar ghné de ghnó agus na scileanna a forbraíodh a chur i bhfeidhm, scileanna a d'fhorbair sé trína bheith rannpháirteach leis an Snáithe Aontaitheach chun teacht ar chonclúid eolach/ar chonclúidí eolacha, ar mholadh eolach/ar mholtaí eolacha agus/nó ar dhearcadh eolach/ar dhearcthaí eolacha
- an téama/na téamaí trasghearrtha ábhartha a chur i bhfeidhm laistigh de Shonraíocht Ghnó na hArdteistiméireachta ina Staidéar Imscrúdaitheach, agus an staidéar a cheangal le saol an ghnó.
- a thorthaí a chur in iúl.

Tá na tuairisceoirí cáilíochta don Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo leagtha amach i dTábla 3.

| | An scoláire a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála | An scoláire a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála | An scoláire a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála |
|---|---|---|---|
| Pleanáil | • rannpháirtíocht éifeachtach a léiriú le pleanáil ar fud a staidéir agus machnamh soiléir agus measúnú a dhéanamh ar a oiread agus a chuir an phleanáil ar tugadh fúithi le cur i gcrích éifeachtach an staidéir.<br>• ceist taighde shoiléir agus tóraíochta a fhorbairt atá bunaithe ar ábharthacht nó ar thábhacht an ghnó go háitiúil, go náisiúnta agus/nó go hidirnáisiúnta. | • rannpháirtíocht a léiriú le pleanáil ar fud a staidéir agus machnamh a dhéanamh ar a oiread agus a chuir an phleanáil ar tugadh fúithi le cur i gcrích an staidéir.<br>• ceist taighde shoiléir a fhorbairt atá bunaithe ar ábharthacht nó ar thábhacht an ghnó go háitiúil, go náisiúnta agus/nó go hidirnáisiúnta. | • rannpháirtíocht theoranta a léiriú le pleanáil ar fud a staidéir agus machnaimh theoranta a chur i láthair ar a oiread agus a chuir an phleanáil ar tugadh fúithi le cur i gcrích an staidéir.<br>• ceist taighde de shaghas éigin a fhorbairt. |
| Iniúchadh | • luach féideartha réimse leathan foinsí cuí a shainaithint agus a mheasúnú, foinsí a bhaineann leis an gceist taighde a cruthaíodh bunaithe ar an treoir.<br>• anailís dhomhain agus meastóireacht sonraí agus eolais a chruthú ó réimse foinsí iontaofa, ag cosaint rogha na bhfoinsí. | • luach féideartha réimse foinsí cuí a shainaithint agus a mheasúnú, foinsí a bhaineann leis an gceist taighde a cruthaíodh bunaithe ar an treoir.<br>• anailís agus measúnú a dhéanamh ar shonraí agus eolais a chruthú ó réimse foinsí iontaofa, ag cosaint rogha na bhfoinsí. | • réimse teoranta foinsí a shainaithint a bhaineann leis an gceist taighde a cruthaíodh bunaithe ar an treoir.<br>• anailís theoranta agus meastóireacht sonraí agus eolais a chur i láthair ó réimse foinsí. |

| | An scoláire a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála | An scoláire a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála | An scoláire a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála |
|---|---|---|---|
| Iniúchadh (ar lean) | • conclúidí atá cosanta ag anailís agus measúnú na sonraí agus an eolais a chur i láthair, sonraí a bhaineann leis an gceist taighde a forbraíodh.<br>• srianta sa staidéar imscrúdaitheach a shainaithint go soiléir ar fud dhearadh na ceiste taighde, ar fud an taighde a bailíodh agus/nó ar fud na hanailíse a rinneadh. | • conclúidí a bhaineann leis an gceist taighde a forbraíodh a chur i láthair.<br>• roinnt srianta sa staidéar a shainaithint. | • conclúidí teoranta a léiríonn go rabhthas páirteach san ábhar a chur i láthair.<br>• gan srianta ar bith a shainaithint sa staidéar. |
| Cuir i bhfeidhm | • inniúlacht a léiriú chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a mbaineann na torthaí le saol an ghnó agus le scéalta gnó sna meáin nuair is cuí, agus ar an gcaoi a raibh tionchar ag an staidéar imscrúdaitheach ar a dhearcthaí.<br>• torthaí an imscrúdaithe a cheangal go soiléir agus go cuí leis an téama/na téamaí trasghearrtha laistigh den tsonraíocht. | • inniúlacht de shaghas éigin a léiriú chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a mbaineann na torthaí le saol an ghnó agus le scéalta gnó sna meáin nuair is cuí, agus ar an gcaoi a raibh tionchar ag an staidéar imscrúdaitheach ar a dhearcthaí.<br>• torthaí an imscrúdaithe a cheangal leis an téama/na téamaí trasghearrtha laistigh den tsonraíocht. | • inniúlacht theoranta a léiriú chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a mbaineann na torthaí le saol an ghnó agus le scéalta gnó sna meáin nuair is cuí, agus ar an gcaoi a raibh tionchar ag an staidéar imscrúdaitheach ar a dhearcthaí.<br>• naisc theoranta a dhéanamh idir torthaí an imscrúdaithe agus an téama/na téamaí trasghearrtha laistigh den tsonraíocht. |
| Cumarsáid | • sonraí, eolas agus anailís shoiléir agus chuí a chur i láthair trí úsáid a bhaint as réimse grafaicí ábhartha nuair is cuí.<br>• úsáid a bhaint as teanga shoiléir agus leanúnach ar fud na tuarascála mar aon le tagairtí agus machnaimh thacúla chuí atá aitheanta go soiléir sa staidéar. | • sonraí, eolas agus anailís shásúil a chur i láthair; agus úsáid á baint as grafaicí ábhartha nuair is cuí.<br>• úsáid a bhaint as teanga atá réasúnta soiléir agus leanúnach ar fud na tuarascála mar aon le roinnt tagairtí agus machnamh tacúil atá aitheanta sa taighde. | • sonraí, eolas agus anailís theoranta a chur i láthair, gan mórán nó gan aon úsáid as grafaicí.<br>• tuarascáil a chur i láthair ina léiríonn an teanga a úsáidtear, léirchruinneas agus leanúnachas teoranta mar aon le tagairtí agus machnaimh theoranta. |

Tábla 3: Tuairisceoirí Cáilíochta: Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo

## Scrúdú scríofa

Beidh raon cineálacha ceisteanna sa scrúdú scríofa. Tá príomhscileanna na sraithe sinsearaí (Fíor 2) fite fuaite i dtorthaí foghlama na sonraíochta seo agus déanfar iad a mheasúnú i gcomhthéacs na dtorthaí foghlama. Cuimseofar rogha ceisteanna leis an scrúdpháipéar ina ndéanfar an méid seo a leanas a mheasúnú ag an leibhéal cuí:

- an fhoghlaim a ndearnadh cur síos uirthi sa cheithre shnáithe chomhthéacsúla den tsonraíocht agus sa snáithe aontach
- cur i bhfeidhm na dtéamaí trasghearrtha,de chúrsaí eitice agus inbhuanaitheachta, litearthacht ghnó agus airgeadais, smaointeoireacht fhiontraíoch, agus claochlú digiteach
- inniúlacht an scoláire le bheith rannpháirteach i saol an ghnó agus i saol an ghnó sna meáin.

# Socruithe réasúnta

Éilíonn an tsonraíocht seo d'Ghnó na hArdteistiméireachta go rachaidh an scoláire i ngleic le nádúr an ábhair ar bhonn leanúnach i rith an chúrsa. Tá dhá chuid ag baint leis an measúnú don teistiúchán i nGnó na hArdteistiméireachta: scrúdú scríofa ar fiú 60% de na marcanna ar fad é agus comhpháirt bhreise ar fiú 40% é. Sa chomhthéacs sin, tá scéim na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe i bhfeidhm ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), scéim a ceapadh chun cuidiú leis an scoláire a mbeadh deacracht aige an scrúdú a rochtain nó an méid atá ar eolas aige a chur in iúl do scrúdaitheoir mar gheall ar dheacracht fhisiceach, amhairc, chéadfach, éisteachta nó foghlama. Cuidíonn an scéim seo leis an scoláire sin an méid atá ar eolas aige agus an méid atá sé in ann a dhéanamh a léiriú gan cur isteach ar chaighdeán an mheasúnaithe. Dírítear sa scéim ar bhacainní ar rochtain a bhaint, agus an gá atá leis an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta bunúsacha céanna a mheas a dhéantar a mheasúnú do gach scoláire eile, agus na caighdeáin chéanna gnóthachtála a chur i bhfeidhm agus atá i bhfeidhm maidir le gach scoláire eile. Déanann an Coimisiún gach iarracht le linn dó an scéim seo a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais mheasúnaithe aonair trí na socruithe seo.

Bíonn cúinsí ann inar féidir an riachtanas chun réimsí foghlama ar leith a léiriú, le linn don scoláire a bheith á mheasúnú le haghaidh teastasú, a tharscaoileadh nó a dhíolmhú, a fhad nach gcuirfidh sé isteach ar shláine iomlán an mheasúnaithe.

Tá eolas níos mionsonraithe faoi scéim na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe sna Scrúduithe Teastais, lena n-áirítear na socruithe atá ar fáil agus na cúinsí ina bhféadfaidís a bheith i bhfeidhm, ar fáil ó Roinn na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe de chuid Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Sula ndéanfaidh an scoláire cinneadh chun staidéar a dhéanamh ar Ghnó na hArdteistiméireachta, ba cheart don scoláire agus a thuismitheoirí, i gcomhairle leis an scoil, athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo agus ar mhionsonraí na socruithe measúnaithe. Ba cheart dó machnamh a dhéanamh go cúramach, lena fháil amach an mbeidh sé in ann na torthaí foghlama a bhaint amach, nó an bhfuil riachtanas speisialta oideachais aige a fhágann nach mbeadh sé in ann a léiriú go bhfuil na torthaí bainte amach aige, fiú tar éis na socruithe réasúnta a chur i bhfeidhm. Más rud é go gcreideann an scoil go mb'fhéidir nach mbeadh scoláire in ann páirt iomlán a ghlacadh sna socruithe measúnaithe don teistiúchán, tá sé riachtanach go ndéanann siad teagmháil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

## Grádú na hArdteistiméireachta

Déanfar Gnó na hArdteistiméireachta a ghrádú le scála grádúcháin 8 bpointe. Is é Grád 1 an grád is airde; is é Grád 8 an grád is ísle. Tá marcanna céatadáin idir 100% agus 30% i gceist leis na seacht ngrád is airde (1–7). Tá na gráid roinnte ina raonta cothroma atá 10% ar leithead. Bronntar Grád 8 as marcanna céatadáin níos lú ná 30%. Déantar idirdhealú idir gráid an Ardleibhéil agus gráid an Ghnáthleibhéil trí A nó G a chur roimh an ngrád faoi seach. Dá bhrí sin, tá A1–A8 i gceist ag an Ardleibhéal agus tá G1–G8 i gceist leis an nGnáthleibhéal.

| Grád | Marcanna % |
|---|---|
| A1/G1 | 90 – 100 |
| A2/G2 | 80 < 90 |
| A3/G3 | 70 < 80 |
| A4/G4 | 60 < 70 |
| A5/G5 | 50 < 60 |
| A6/G6 | 40 < 50 |
| A7/G7 | 30 < 40 |
| A8/G8 | < 30 |

Tábla 4: Grádú na hArdteistiméireachta

# Aguisín 1: Gluais de bhriathra gnímh

Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun na torthaí foghlama a shoiléiriú. Déantar cur síos ar gach briathar gnímh i dtéarmaí na rudaí ba cheart a bheith ar chumas an scoláire ach an toradh foghlama a bhaint amach. Déanfar an ghluais seo a ailíniú leis na focail ordaitheacha a úsáidtear sa mheasúnú.

| Briathar gnímh | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Aithint (foinsí)** | foinsí eolais a aithint go sainiúil |
| **Anailísigh** | staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí |
| **Cuir i láthair** | rud a thaispeáint ionas gur féidir le daoine eile é a mheasúnú |
| **Cuir luach ar** | brí a aithint, luach a fhágáil air, nó an tábhacht atá aige nó tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud |
| **Cuir síos** | cuntas mionsonraithe a thabhairt ar phríomhphointí topaice ag baint úsáid as focail, léaráidí, samplaí agus/nó íomhánna nuair is cuí |
| **Déan** | tabhair faoi ghníomhaíocht |
| **Déan comparáid** | cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus (nó) difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd |
| **Faigh amach** | a bhunú nó a fháil amach bunaithe ar fhaisnéis tar éis imscrúdú de ghnáth |
| **Forbair** | éabhlóidiú; rud a dhéanamh soiléir nó a leathnú amach ó thaobh sonraí de |
| **Idirdhealaigh** | na difríochtaí idir dhá choincheap nó dhá rud nó níos mó a dhéanamh soiléir |
| **Iniúchadh** | breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus/nó teacht ar chonclúidí nua |
| **Léirmhínigh** | eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar |
| **Meas** | luach ruda a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh |
| **Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil)** | fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi na smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| **Measúnaigh (sonraí)** | sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| **Mínigh** | mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna |
| **Pléigh** | athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí agus a bhfuil fianaise chuí mar thacaíocht aige |
| **Ríomh** | teacht ar fhreagra uimhriúil, ag taispeáint na gcéimeanna cuí san oibriú amach |
| **Sainaithin** | patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair |
| **Scrúdaigh** | breathnú go grinn ar argóintí, sonraí, faisnéis, coincheapa agus/nó scéalta d'fhonn bunús, toimhdí, peirspictíochtaí, treochtaí agus/nó caidrimh a nochtadh |
| **Sintéisigh** | smaointe éagsúla a chur le chéile chun tuiscint nua nó tuiscint fheabhsaithe a chruthú |

| Briathar gnímh | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Tabhair breac-chuntas** | na príomhphointí a thabhairt; na pointí faisnéise riachtanacha amháin a thabhairt |
| **Tabhair breithmheas** | píosa saothair nó eolas a mheasúnú, a bhreith nó a mheas |
| **Tabhair le fios** | réiteach/réitigh, hipitéis nó freagra(í) féideartha eile a mholadh |
| **Taifead** | rudaí a dhoiciméadú i scríbhinn nó go digiteach ar mhaithe le fianaise a chaomhnú |
| **Taispeáin** | rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil |

# Aguisín 2: Gluais Téarmaí

Tá sé i gceist go soiléireoidh an ghluais seo coincheapa agus téarmaí a úsáideadh sa tsonraíocht seo.

| Coincheap/Téarma | Tuiscint |
|---|---|
| **Airgeadra Digiteach an Bhainc Ceannais (CBDC)** | Is foirm airgid é CBDC don saol digiteach. Tugann sé an rogha do thomhaltóirí úsáid a bhaint as airgead an bhainc ceannais i bhformáid dhigiteach, ag teacht le nótaí bainc agus boinn.<br>Tá airgeadra digiteach éagsúil ó chripteamhona cobhsaí ina mbraitheann seasmhacht agus iontaofacht ar an aonán eisithe agus ar inchreidteacht agus ar in-fhorfheidhmitheacht a ghealltanais chun luach an airgid a choinneáil le himeacht aimsire. Níl aon aonán inaitheanta amháin atá faoi dhliteanas le haghaidh cripteashócmhainní. |
| **Anailís réimse fórsa** | Is cur chuige í anailís réimse fórsa a úsáidtear chun na fórsaí is cúis le hathrú agus na fórsaí a chuireann bac ar athrú. Is féidir le fórsaí a bheith inmheánach agus seachtrach araon. |
| **Anailís STEEPLE** | Is féidir anailís STEEPLE a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na ngnéithe seachtracha ar ghnólacht. Cuimsítear léi machnamh ar ghnéithe sóisialta, teicneolaíochta, eacnamaíochta, comhshaoil, polaitíochta, dlíthiúla agus eiticiúla. |
| **Beartas rialtas na hÉireann** | Is ionann seo agus beartas rialtas na hÉireann lena gcuimsítear gníomhaíochtaí nó ráitis treoraíochta a chuireann an rialtas i bhfeidhm agus a úsáideann an rialtas mar bhonn le haghaidh cinnteoireachta. |
| **Caipiteal daonna** | Na hinniúlachtaí atá ag daoine, infheistithe iontu agus forbartha chun cuidiú leo a bheith níos táirgiúla agus a bpoitéinseal a bhaint amach. |
| **Canbhás samhla gnó** | Is uirlis é canbhás samhla gnó a úsáidtear chun samhail ghnó a mhapáil agus cuimsítear leis príomhpháirtithe, gníomhaíochtaí agus acmhainní, togra luacha (an fáth a roghnódh an custaiméir an táirge/an tseirbhís), custaiméirí, caidrimh le custaiméirí agus cainéil custaiméirí, costais agus ioncam reatha. |
| **Greille chumhachta-spéise** | Is foirm de mhapáil páirtithe leasmhara í greille cumhachta-spéise ina gcuirtear san áireamh ábhair spreagtha na bpáirtithe leasmhara agus a gcumas chun tionchar a imirt (bíodh sé dearfach nó diúltach) ar an gcaoi seo mapáiltear iad de réir a gcumhachta agus a spéise coibhneasta. |
| **Cuspóirí SMART (le haghaidh taighde)** | Ceist a bheachtú le haghaidh taighde bunaithe ar an gceist a bheith sonrach, intomhaiste, comhaontaithe, réalaíoch agus faoi cheangal ama. |
| **Domhandú** | An t-idirspleáchas agus an idircheangailteacht atá ag méadú idir geilleagair, cultúir agus pobail an domhain a thagann ó thrádáil trasteorann earraí, seirbhísí, teicneolaíocht dhigiteach agus gluaiseacht infheistíochta, daoine, sonraí agus eolais. |
| **Earnáil an gheilleagair (in Éirinn)** | Na hearnálacha gníomhaíochta eacnamaíochta éagsúla a dhéanann táirgeoirí/soláthraithe seirbhíse a chatagóiriú bunaithe ar na hearraí nó seirbhísí a chuireann siad ar fáil. Foilsíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) liosta earnálacha i ngeilleagar na hÉireann. |
| **Fiontair sheachbhrabúsacha** | Fiontair atá spreagtha ag cuspóirí sóisialta níos leithne, lena n-áirítear carthanais, fiontair shóisialta, agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna). |
| **Foinsí eolais** | Is féidir le foinsí eolais a bheith ina mbunfhoinsí nó ina bhfoinsí tánaisteacha. Cuimsítear bundoiciméid le bunfhoinsí ina bhfuil eolas bunfhoinse agus d'fhéadfadh go gcuimseofaí leo sin agallaimh agus suirbhéanna, agus is minic a léirmhíníonn foinsí tánaisteacha eolas ó bhunfhoinse. |
| **Folláine chorparáideach** | Fócas eagraíochtúil ar chothromas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus ar fholláine iomlán an fhórsa oibre chun áit oibre éagsúil, ionchuimsitheach agus shláintiúil a chothú. |
| **Geilleagar ciorclach** | Samhail táirgeachta agus tomhaltais a chuireann le saolré na dtáirgí, a laghdaíonn dramhaíl agus a chruthaíonn tuilleadh luacha. |
| **Geilleagar poistíneachta** | Is ionann an geilleagar poistíneachta agus an chuid de mhargadh an lucht saothair a bhraitheann ar phoist shealadacha, ar oibrithe páirtaimseartha nó ar shaoroibrithe. |

| Coincheap/Téarma | Tuiscint |
|---|---|
| **Gnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG)** | Seasann ESG do *environmental, social and governance* (comhshaoil, sóisialta agus rialachais) agus Cruthaíonn na gnéithe seo na colúin i gcreataí ESG agus d'fhéadfadh go mbeadh iallach ar ghnólachtaí i roinnt cásanna a bhfeidhmíocht agus a ndul chun cinn a thuairisciú faoi na colúin seo. |
| **Idirspleáchas** | Tagann idirspleáchas chun cinn nuair a thosaíonn grúpa amháin ag brath ar cheann eile ar mhaithe leis na hearraí agus seirbhísí cuí a sholáthar. |
| **Inniúlachtaí (atá ag fiontraithe)** | Comhtháthú eolais, scileanna, luachanna agus meonta a thacaíonn le nuálaíocht agus a chothaíonn nuálaíocht. |
| **Mapáil páirtithe leasmhara** | Cuimsítear machnamh a dhéanamh ar an bpríomhpháirtithe leasmhara agus ar a gcumhacht agus a dtionchar le mapáil páirtithe leasmhara, agus a bheith ag foghlaim faoin réimse páirtithe leasmhara agus ar an ngá le cuimhneamh ar réimse dearcthaí. Is féidir le mapáil páirtithe leasmhara a bheith scríofa nó físiúil agus ba cheart go gcuimseofaí léi páirtithe leasmhara éagsúla, a n-idirspleáchais agus idirchaidrimh, agus machnamh ar a gcumhacht agus ar a dtionchar ar chinnteoireacht. |
| **Samhail cúig fhórsa Porter** | Cuimsítear le samhail Porter cúig fhórsa a thacaíonn le tuiscint níos doimhne ar na fórsaí iomaíocha laistigh de ghnólacht a spreagann an chaoi a roinntear luach eacnamaíochta i measc na bpáirtithe leasmhara. Cuimsítear leis na cúig fhórsa le samhail Porter, bagairt na n-iontrálaithe nua, cumhacht mhargála na soláthraithe, cumhacht mhargála na gcustaiméirí, bagairt na dtáirgí ionaid agus coimhlint iomaíoch. |
| **Samhail ghnó** | Is gné í an tsamhail ghnó laistigh den phlean gnó ina leagtar amach an chaoi a bhfeidhmeoidh, a gcruthóidh, a seachadfaidh agus a bhfaighidh gnólacht luach i gcomhthéacsanna eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha. |
| **Scáthgheilleagar** | Idirbheartaíochtaí gnó agus eacnamaíochta a mheastar atá dlíthiúil i ndlínse de bharr go bhfuil na hearraí nó seirbhísí atá á dtrádáil nó á mbabhtáil neamhdhleathach nó de bharr nach bhfuil an idirbheartaíocht í féin ar aon dul le reachtaíocht nó riachtanais tuairiscithe. |
| **Smaointeoireacht dearaidh** | Cur chuige nuálach, neamhlíneach maidir le forbairt na dtáirgí agus na seirbhísí a dhíríonn ar réitigh don úsáideoir deiridh. |
| **Teicneolaíocht an Airgeadais** | Úsáid na teicneolaíochta chun seirbhísí agus táirgí airgeadais a sholáthar do thomhaltóirí |
| **Tionchar bunathraitheach** | Is minic a úsáidtear an téarma tionchar bunathraitheach chun cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le teicneolaíocht an chaoi a bhfeidhmíonn gnólachtaí a athrú (lena n-áirítear laistigh den áit oibre) agus an chaoi a n-idirghníomhaíonn tomhaltóirí le gnó. |
| **Trádáil Idirnáisiúnta** | Gluaiseacht agus malartú earraí nó seirbhísí idir dhá dhlínse nó trasna teorainneacha. Agus muid ag déanamh machnamh ar thrádáil idirnáisiúnta tá sé tábhachtach cuimhneamh ar phoitéinseal na trádála ar oileán na hÉireann idir Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann. |

An Roinn Oideachais
Department of Education

Foilsithe mí Lúnasa 2024.